An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Sonraíocht na Folláine

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

2025





# Clár an Ábhair


Brollach 2

1. Réamhrá 3

2. Réasúnaíocht 8

3. Aidhmeanna 10

4. Snáitheanna agus Gnéithe 12

5. Torthaí Foghlama 16

6. Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm 33

7. Breac-chuntas ar Thacar Uirlisí na *Folláine* ar Líne 52

8. Gluais 54

9. Tagairtí 58

Aguisín A. Samplaí de scileanna, coincheapa gluaiseachta agus straitéisí gluaiseachta 60

# Brollach

Is le haghaidh gach páiste a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus scoileanna speisialta sonraíocht na *Folláine*. Tá sí ionchuimsitheach agus iomlánaíoch, ag aithint oideachas bunscoile agus oideachas speisialta mar thréimhse ‘ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – ag nascadh le réamhfhoghlaim na bpáistí, ag ceiliúradh eispéiris reatha na bpáistí agus ag féachaint chun cinn ar a dtodhchaí.

Ag cur le *Creatchuraclam na Bunscoile*, oibríonn sonraíochtaí athfhorbartha an churaclaim le chéile chun bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí.

Leagtar béim thábhachtach i sonraíocht na *Folláine* ar chumas gníomhúcháin páistí agus múinteoirí, ag cinntiú go mbíonn ionchur bríoch ag páistí ina bhfoghlaim agus ag tacú le múinteoirí chun cinntí gairmiúla eolasacha a dhéanamh laistigh de pharaiméadair an churaclaim.

Tá sonraíocht na *Folláine* mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar Churaclam na Bunscoile. Leagadh béim ar leith ar chomhleanúnachas a chinntiú ar fud na sonraíochtaí. De réir mar a chuireann tú eolas ar na sonraíochtaí, tabharfaidh tú do d’aire gur ann do struchtúr seasmhach agus úsáid sheasmhach téarmaíochta, caibidlí agus fochodanna atá thart ar chomh fada lena chéile agus go seachnaítear dúbláil gan ghá agus athrá ar Thorthaí Foghlama. B’fhéidir go n-aithneofá go leor de na gnéithe dearfacha den chleachtas reatha a tharlaíonn inár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta, chomh maith le feabhsúcháin san fhoghlaim a bhfaighidh páistí taithí orthu trí na cuir chuige oideolaíochta agus measúnaithe a dtacaítear leo ar fud an churaclaim.

Le sonraíocht na *Folláine*, tarraingítear aird ar chineál dinimiciúil agus idirnasctha na folláine, agus é á chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama fiúntach, ionchuimsitheach agus freagrúil do riachtanais athraitheacha páistí. Sa tsonraíocht seo, cothaítear forbairt phearsanta páistí, neartaítear a gcaidrimh agus cumhachtaítear iad mar shaoránaigh ghníomhacha agus fhreagracha. Trí ghluaiseacht, idirghníomhú sóisialta agus féinfheasacht, forbraíonn páistí muinín, teacht aniar agus dearcadh dearfach i dtreo folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach. Trí eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a chomhtháthú, cumasaíonn an tsonraíocht seo páistí chun roghanna eolasacha a dhéanamh agus tiomantas marthanach a chothú dá bhfolláine féin agus do thacú le folláine daoine eile.

# 1. Réamhrá

Tá sé de cheart ag gach páiste in Éirinn go gcuirfí oideachas orthu bunaithe ar a láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais. Is é is aidhm do *Chreatchuraclam na Bunscoile* bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí. Aithnítear an t-oideachas bunscoile ann mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – agus aird á tarraingt ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris atá taitneamhach, suimiúil, ábhartha agus dúshlánach mar is cuí do gach páiste, eispéiris a chumhachtaíonn iad mar fhoghlaimeoirí san am i láthair agus amach anseo araon. Is tábhachtach go dtacaíonn Curaclam na Bunscoile le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

I sonraíocht na *Folláine* cuimsítear dhá ábhar: An Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Leagtar béim inti ar ghnéithe fisiciúla, sóisialta, caidreamhacha, mothúchánacha agus spioradálta na folláine, gnéithe atá idirnasctha, ag díriú ar eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a fhorbairt, rudaí atá bunriachtanach le haghaidh fás agus forbairt fhoriomlán páistí. Sa Chorpoideachas, trí mheán na gluaiseachta, forbraíonn páistí a n-inniúlacht gluaiseachta agus a dtuiscint, le linn iompar agus dearcthaí dearfacha a chothú lena spreagtar nós maireachtála gníomhach agus sláintiúil. Trí OSPS cuirfear spás ar fáil do pháistí chun a n-idirghníomhaíochtaí sóisialta a fheabhsú, forbairt phearsanta a chothú agus an t-eolas sláinte atá acu a leathnú. Le fócas ar fhorbairt inphearsanta agus idirphearsanta, déantar féinfheasacht a chur chun cinn leis, cothaítear caidrimh shláintiúla agus cumhachtaítear páistí chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha a thuigeann a gcearta agus a bhfreagrachtaí. I dteannta a chéile, tá an Corpoideachas agus OSPS ina dtaca ag páistí chun tuiscint iomlánaíoch a fhorbairt ar fholláine, rud a chuidíonn leo saolta gníomhacha, sláintiúla agus sásúla a bheith acu san am i láthair agus san am atá ag teacht.

Cuireann páistí tús lena n-aistear oideachais ó bhreith, trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris leis an domhan thart timpeall orthu. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, bíonn eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha ag páistí a thógann ar an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna atá sealbhaithe acu sa bhaile agus i suíomhanna réamhscoile trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Agus páistí ag déanamh dul chun cinn tríd an mbunscoil agus tríd an scoil speisialta, nascann a bhfoghlaim, agus déanann sí tuilleadh dul chun cinn, trí na heispéiris foghlama san iar-bhunscoil. I bhfianaise a éagsúla a bhíonn na comhthéacsanna ina bhfoghlaimíonn páistí agus uathúlacht aistear foghlama gach páiste, cuirtear cumas gníomhúcháin agus rogha chun cinn sa churaclam agus aithnítear go bhfuil ról lárnach ag múinteoirí maidir le heispéiris foghlama chothroma, fhiúntacha agus iomlánaíocha a éascú do gach páiste.

## Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi fhís *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus tugann siad treoir do scoileanna agus iad dírithe ar an bhfís sin a bhaint amach. Cuireann na prionsabail sin in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus oideachas speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna éagsúla scoile agus cúinsí, eispéiris agus cumas difriúla na bpáistí a chur san áireamh. Dá réir sin, tacaíonn siad le boird bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí agus daoine eile ina ndualgais lena chinntiú go gcuirtear oideachas ardchaighdeáin ar fáil do gach páiste inár scoileanna.

Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí nach bhfuil uileghabhálach de na prionsabail atá á gcur i ngníomh laistigh de shonraíocht na *Folláine*.

**Tábla 1**: Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

| Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh de shonraíocht na *Folláine* |
|---|---|
| **Measúnú agus dul chun cinn** | • Ag tarraingt ar réimse leathan d'fhaisnéis mheasúnaithe chun eispéiris foghlama a mhúnlú agus a threorú<br>• A chur ar chumas páistí spriocanna folláine a leagan síos, machnamh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn trí phiarmheasúnú agus féinmheasúnú agus gníomhartha a shainaithint chun a spriocanna a bhaint amach<br>• Ag dul i mbun comhdhálacha agus ceisteanna a úsáid chun léargas a fháil ar an tuiscint atá ag páistí ar a bhfolláine, agus réimsí nach mór tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu á sainaithint |
| **Gníomhú agus rannpháirtíocht** | • Ag tairiscint deiseanna do pháistí chun ionchur fiúntach a bheith acu i gcinntí faoin méid agus faoin mbealach a bhfoghlaimíonn siad, ag cothú braistint úinéireachta agus cumais gníomhúcháin<br>• Ag aithint cearta páistí agus ag tacú leo go gníomhach mar a thugtar breac-chuntas orthu i g*Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*<br>• Ag tabhairt páirt do pháistí i spriocanna, rialacha agus gníomhaíochtaí a chomhchruthú, agus ag cur braistint freagrachta comhroinnte agus comhoibrithe chun cinn laistigh den timpeallacht foghlama |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | • Ag cothú cultúr bunaithe ar chearta an duine, daonlathas, cothromas, comhionannas agus ceartas sóisialta<br>• Ag tabhairt dúshlán do steiréitíopaí, réamhchlaonadh, leithcheal agus claonadh agus ag cur ionbhá, cóimheasa agus níos mó ná peirspictíocht amháin chun cinn<br>• Ag aithint agus ag dearbhú na héagsúlachta atá sa seomra ranga agus sa tsochaí i gcoitinne |
| **Timpeallachtaí foghlama** | • Ag glacadh le spásanna taobh istigh agus taobh amuigh (timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha), amhail áiteanna súgartha, áiseanna spóirt agus limistéir dhúlra, chun tacú le foghlaim agus forbairt páistí i sonraíocht na *Folláine*<br>• Ag cruthú timpeallachtaí foghlama sábháilte agus ionchuimsitheacha, ag tabhairt tús áite don ghníomhú agus don rannpháirtíocht<br>• Ag cinntiú go bhfeictear do na páistí uile go ndéantar ionadaíocht dhearfach orthu, agus go bhfuil meas orthu, laistigh de thimpeallachtaí foghlama |
| **Comhpháirtíochtaí** | • Ag obair i gcomhar le teaghlaigh agus scoileanna eile sa cheantar chun tacú le folláine páistí<br>• Ag comhoibriú leis an bpobal áitiúil chun foghlaim scoilbhunaithe a fheabhsú agus deiseanna a chur ar fáil do pháistí braistint pobail agus muintearais a fhorbairt |



| Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh de shonraíocht na *Folláine* |
|---|---|
| **Oideolaíocht** | • Ag tacú le heispéiris foghlama chomhoibríocha agus chomhoibritheacha, agus páistí a spreagadh chun oibriú i dtreo sprioc foghlama chomhroinnte<br>• Ag treorú agus ag scafláil na foghlama, agus fiosrú, ceisteanna, machnamh agus réiteach fadhbanna a spreagadh chun foghlaim nua a aimsiú<br>• Ag ionchorprú ábhair spéise, imní agus sainroghanna páistí san fhoghlaim agus sa teagasc, agus é á chinntiú gur féidir le páistí tionchar fiúntach a bheith acu ar a gcuid foghlama |
| **Caidrimh** | • Ag tacú le forbairt scileanna mothúchánacha agus caidrimh chun caidrimh shláintiúla a chumasú<br>• Ag cothú caidrimh mheasúla, chomhbhácha agus fhreagrúla le páistí agus lena dteaghlaigh |
| **Aistrithe agus leanúnachas** | • Trí cheangal a dhéanamh leis na Téamaí atá ag *Aistear*, le sonraíocht na *Folláine* forbraítear folláine shíceolaíoch agus fhisiciúil páistí a thuilleadh de réir mar a phléann siad le heispéiris foghlama shaibhre agus fhiúntacha<br>• Ag tabhairt isteach ábhair an Chorpoideachais agus OSPS, agus ag forbairt eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna bunúsacha lena gcuirtear leanúnachas idir an bhunscoil agus an iarbhunscoil ar fáil |



## Folláine a thuiscint

Le folláine cuimsítear gnéithe éagsúla den fhoghlaim, gnéithe atá ríthábhachtach le haghaidh forbairt iomlánaíoch páistí. Freagracht chomhroinnte atá inti i measc tuismitheoirí, múinteoirí, scoileanna agus an pobal níos leithne. Laistigh de phobail na scoile, tá ról lárnach ag sonraíocht na *Folláine* chun forbairt fhisiciúil, shóisialta, chaidreamhach, mhothúchánach agus spioradálta páistí a chur chun cinn. Tríd an gCorpoideachas agus trí OSPS, foghlaimíonn páistí 'faoi' fholláine agus 'lena haghaidh'. Baineann foghlaim 'faoi' fholláine le heolas, tuiscint, feasacht agus scileanna a chothú, rudaí a chuidíonn le páistí a bhfolláine féin a chothú. Tá foghlaim 'le haghaidh' folláine dírithe ar fholláine a chothú trí chultúr agus timpeallacht dhearfach, ina bhfuil idirghníomhaíochtaí measúla agus comhbhácha, i dteannta eispéiris foghlama dhearfacha, ina dtaca le folláine páistí.

> Is ann d'fholláine an duine nuair a éiríonn leo lánacmhainn a bhaint amach, nuair a léiríonn siad teacht aniar agus iad ag déileáil le gnáthstruis an tsaoil, nuair a thugann siad aire dá bhfolláine choirp agus má mhothaíonn siad go bhfuil cuspóir, ceangal agus mothú cómhuintearais acu le pobal níos leithne. Staid iomlaoideach í seo ar gá í a chothú le linn shaol an duine. [1]


Le sonraíocht na *Folláine* aithnítear go bhfuil folláine phearsanta nasctha leis an gcomhthéacs pobail agus sóisialta níos leithne. Tríd an tuiscint sin tarraingítear aird air gur féidir athrú teacht ar fholláine páistí le himeacht aimsire agus léirítear léirthuiscint nach ionann folláine agus easpa struis nó mothúcháin dhiúltacha. Aithnítear léi gur féidir tionchar a bheith ag fachtóirí seachtracha amhail gnéithe sóisialta, eacnamaíocha, timpeallachta agus/nó cultúrtha ar fholláine aonair, agus os a choinne sin, gur féidir tionchar a bheith ag iompar aonair ar fholláine chomhchoiteann. Trí shonraíocht na *Folláine* cuirtear chun cinn timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha bunaithe ar chearta daonna agus comhionannas. Aithnítear léi an éagsúlacht shaibhir cultúr, féiniúlachtaí, cúlraí agus teaghlach dá ndéantar ionadaíocht laistigh de sheomraí ranga na hÉireann, inarb amhlaidh nach n-imrítear leithcheal ar pháistí mar gheall ar a n-inscne, a stádas teaghlaigh, a ngnéaschlaonadh, a reiligiún, a n-aois, a míchumas, a gcine ná a mballraíocht i bpobal an Lucht Siúil. Trí thiomantas a spreagadh chun tacú go gníomhach le cothroime agus ionchuimsitheacht, leis an tsonraíocht tacaítear leis na páistí uile chun a bhrath gur saoránaigh chumhachtaithe iad ag a bhfuil ról gníomhach i seomraí ranga, scoileanna, pobail agus sochaithe atá cothrom agus ionchuimsitheach a thógáil.

[1] Tá an sainmhíniú sin ailínithe leis na straitéisí agus na beartais folláine phríomha, lena n-áirítear creatchuraclaim a fhoilsíonn an Roinn Oideachais agus Óige.

## Forléargas ar shonraíocht na *Folláine*

Cuireann na caibidlí tosaigh de shonraíocht na *Folláine* an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, Snáitheanna, Snáithaonaid, Gnéithe agus Torthaí Foghlama i láthair. I gCaibidil 6, soláthraítear treoir maidir leis an gcuraclam agus é i bhfeidhm, agus sna caibidlí deireanacha cuirtear i láthair forléargas ar na tacair uirlisí ar líne, an ghluais agus na tagairtí.

Tacaíonn Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar líne agus Tacar Uirlisí *Folláine* le sonraíocht na *Folláine*. Cuirtear réimse tacaíochtaí ar fáil sna tacair uirlisí ar líne sin chun an curaclam a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíochtaí do phleanáil curaclaim, ionchuimsiú, measúnú agus oideolaíocht. Is féidir teacht ar leagan ar líne den tsonraíocht agus de na tacair uirlisí ach cuairt a thabhairt ar www.curriculumonline.ie.




**Fíor 1:** Inneachar do shonraíocht na *Folláine*

# 2. Réasúnaíocht

Le sonraíocht na *Folláine* tacaítear le foghlaim agus forbairt páistí sa Chorpoideachas agus in OSPS trí dhíriú ar an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna bunriachtanacha is gá chun saolta gníomhacha, sláintiúla agus sásúla a chaitheamh. Tá sonraíocht na *Folláine* bunaithe ar luachanna an mheasa, an chomhionannais, na hionchuimsitheachta, na freagrachta, na dínite, na comhbhá, na hionbhá agus ceart daonna. Tríd an tsonraíocht seo, spreagtar páistí chun a gcuid buanna, tréithe agus cumais uathúil a aimsiú agus glacadh leo, le linn teacht aniar mothúchánach, féinfheasacht agus ceangail fhiúntacha le daoine eile a chothú. Tríd sin cumhachtaítear páistí chun bheith faoi bhláth go pearsanta agus go sóisialta araon de réir mar a dhéanann siad a mbealach trína dturas leanúnach d'fhás, féinfhollasú agus folláine.

### An Corpoideachas laistigh de shonraíocht na *Folláine*

Tá ról ríthábhachtach ag an gCorpoideachas i bhforbairt fhoriomlán páistí trí dhíriú ar ghluaiseacht agus ar an gcorp. A bhuí leis an gCorpoideachas cuirtear ar fáil deiseanna foghlama sóisialta, mothúchánacha agus cognaíocha luachmhara freisin. Leis an gCorpoideachas tagraítear do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar ghluaiseacht a mhúintear mar chuid den churaclam laistigh den leithdháileadh ama seachtainiúil. Cuirtear béim ann ar fhoghlaim aoisoiriúnach, rannpháirtíocht, taitneamh, dul chun cinn aonair agus timpeallachtaí foghlama tacúla a chruthú do na páistí uile. I gcodarsnacht leis sin, leis an spórt tagraítear do ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a dhéantar laistigh de thacar struchtúrtha de rialacha, ina gcuirtear béim ar chomórtas go minic. Téarma níos leithne is ea gníomhaíocht choirp lena gcuimsítear aon ghluaiseacht coirp. Laistigh de shonraíocht na *Folláine*, cuirtear béim ar an gCorpoideachas, agus tá róil chomhlántacha ag spórt agus gníomhaíocht choirp lasmuigh den churaclam, amhail i spóirt scoile, amanna sosa agus sosanna gluaiseachta.

### OSPS laistigh de shonraíocht na *Folláine*

Tá ról ríthábhachtach ag OSPS i bhfoghlaim agus forbairt iomlánaíoch páistí trí fholláine phearsanta agus choiteann araon a chothú. Agus é bunaithe ar luachanna shonraíocht na *Folláine*, cruthaítear timpeallacht foghlama dhearfach agus thacúil leis ina bhfuil meas ar gach páiste mar dhuine aonair uathúil ag a bhfuil ionchur fiúntach le déanamh. Trí OSPS, forbraíonn páistí eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna sóisialta, mothúchánacha agus caidreamhacha bunriachtanacha – lena n-áirítear scileanna sábháilteachta pearsanta. Tríd sin, cumhachtaítear iad chun muinín, teacht aniar agus caidrimh shláintiúla a chothú agus iad á n-ullmhú san am céanna chun bulaíocht agus mí-úsáid a aithint, chun freagairt dóibh agus chun a mbealach a dhéanamh tríothu.

### Le sonraíocht na *Folláine* cothaítear caidreamh dearfach le gluaiseacht

Forbraíonn páistí léirthuiscint ar bhuntáistí na gluaiseachta trí dhul i mbun réimse leathan agus cothromaithe de ghníomhaíochtaí foghlama fisiciúla taitneamhacha. Ar an mbealach sin, forbraítear scileanna, coincheapa agus straitéisí maidir le gluaiseacht. Tá ról tábhachtach ag sonraíocht na *Folláine* chun inniúlacht gluaiseachta, inspreagadh, muinín, eolas agus tuiscint a fhorbairt, agus is féidir leo sin uile a bheith ina dtaca ag páistí chun bheith gníomhach. Ba cheart eispéiris foghlama a bheith fiúntach, ba cheart iad a bheith dírithe ar idirghníomhaíochtaí sóisialta dearfacha, ba cheart leibhéal cuí dúshláin a bheith ag baint leo, ba cheart iad a bheith spraíúil agus ba cheart gluaiseacht a bheith san áireamh iontu.

### Le sonraíocht na *Folláine* cothaítear caidrimh shláintiúla agus éirim mhothúchánach

Tacaítear le forbairt inphearsanta páistí, rud a chothaíonn féinfheasacht agus féinmheas dearfach. Sealbhaíonn siad an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna is gá chun a gcuid mothúchán agus braistintí a thuiscint, a rialú agus a chur in iúl ar fud réimse comhthéacsanna. Forbraíonn siad teacht aniar

agus cothaíonn siad scileanna comhbhácha. Le forbairt idirphearsanta tacaítear le páistí chun caidrimh shláintiúla a chothú agus léirthuiscint a léiriú orthu, lena n-áirítear leo féin, le cairde, le leathbhádóirí agus leis an teaghlach; agus is éard atá i gceist leis sin cumarsáid éifeachtach, meas, scileanna réitigh coinbhleachta agus féinriar coirp a thuiscint.

## Le sonraíocht na *Folláine* cuirtear chun cinn maireachtáil shláintiúil agus ghníomhach

Forbraíonn páistí na scileanna agus an mhuinín is gá chun a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin agus chun roghanna eolasacha, freagracha a dhéanamh ar fud réimse comhthéacsanna. Tríd an tsonraíocht forbraítear eolas ar an gcorp agus cuirtear ar fáil faisnéis atá cruinn, agus oiriúnach ó thaobh forbartha de, faoi fhorbairt an duine agus gnéasacht, rud a chuireann chun cinn tuiscint chothromaithe agus ionchuimsitheach. Agus na fachtóirí lena dtacaítear le fás agus forbairt á n-aithint, is féidir le páistí léirthuiscint a léiriú ar an luach atá ar stíl mhaireachtála chothromaithe, lena n-áirítear na buntáistí ar feadh an tsaoil a bhaineann le gníomhaíocht choirp. Ach an t-eolas sin a chur ar fáil do pháistí, cumhachtaítear iad chun saolta sláintiúla agus gníomhacha a chaitheamh chomh maith agus is féidir leo.

## Le sonraíocht na *Folláine* cothaítear muintearas agus saoránacht ghníomhach

Tacaítear le páistí chun braistint láidir ceangail agus cuspóra a fhorbairt laistigh de scoileanna, teaghlaigh, pobail agus den tsochaí. Trí ghnéithe de chultúr na hÉireann a fhiosrú, amhail traidisiúin, ceiliúradh agus cluichí, forbraíonn páistí braistint bróid in oidhreacht na hÉireann agus glacann siad le héagsúlacht áitiúil agus dhomhanda san am céanna freisin. Trí chearta, freagrachtaí agus cothroime a scrúdú, faigheann páistí léirthuiscint ar thábhacht na saoránachta gníomhaí, ar líne agus as líne araon. Trí steiréitíopaí a scrúdú go criticiúil, tagann páistí ar an eolas faoin tionchar is féidir a bheith ag steiréitíopaí ar dhearcthaí, iompar agus idirghníomhaíochtaí. Trí mhachnamh a dhéanamh ar luachanna pearsanta agus sochaíocha, forbraíonn siad tuiscint eiticiúil ar an domhan, agus spreagtar iad chun réamhchlaonadh, leithcheal agus claonadh a cheistiú.





## 3. Aidhmeanna

Le haidhmeanna shonraíocht na *Folláine* cumhachtaítear gach páiste chun bheith faoi bhláth, san am i láthair agus san am atá ag teacht. A bhuí leis an tsonraíocht sin, cuirtear an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna is gá ar fáil dóibh chun saolta gníomhacha, sláintiúla agus sásúla a chaitheamh chomh maith agus is féidir leo. Tá na haidhmeanna idirspleách gan ordlathas.

Tá sé mar aidhm ag sonraíocht na *Folláine* go mbeidh páistí in ann:

### a bhfolláine mhothúchánach a chothú.

- An t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a thabhairt do pháistí chun mothúcháin agus braistintí a thuiscint, a rialú agus a chur in iúl, chun ionbhá a fhorbairt agus teacht aniar a chothú chun cabhrú leo déileáil le strus, dúshlán, angar agus athrú.

### a dtuiscint ar mhaireachtáil shláintiúil a dhoimhniú.

- Tacú le páistí chun roghanna eolasacha agus freagracha a dhéanamh, agus tuiscint mhéadaitheach acu ar thionchair ar a bhfolláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach.
- Tuiscint atá cothromaithe, ionchuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de ar fhorbairt agus ar ghnéasacht an duine a chur ar fáil do pháistí, agus dearcthaí sláintiúla á gcothú agus éagsúlacht thaithí an duine á haithint.

### a n-inniúlacht gluaiseachta a fhorbairt.

- Tacú le páistí réimse de scileanna, coincheapa agus straitéisí maidir le gluaiseacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud comhthéacsanna foghlama éagsúla.

### a braistint muintearas a fheabhsú.

- Eispéiris foghlama a chur ar fáil do pháistí lena gcuirtear chun cinn obair foirne, ionchuimsiú agus meas ar éagsúlacht, agus tacaíocht á tabhairt do shaoránacht ghníomhach, cearta, freagrachtaí agus cothroime chun timpeallachtaí foghlama, pobail agus sochaithe atá cothrom agus ionchuimsitheach a chruthú.

### caidrimh thacúla agus shláintiúla a bhunú agus a choinneáil.

- Tacú le páistí chun comhoibriú le daoine eile agus caidrimh shláintiúla a chothú, lena n-áirítear leis an teaghlach, le cairde, le piaraí agus le leathbhádóirí.

### léirthuiscint ar ghluaiseacht a chothú.

- Tacú le páistí forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint agus léirthuiscint ar ghluaiseacht agus ar an gcumas chun machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn i gcorpoideachas.

### braistint láidir sábháilteachta pearsanta agus comhchoitinne a chothú.

- A chumasú do gach páiste braistint mhéadaitheach de shábháilteacht phearsanta agus chomhchoiteann a fhorbairt, agus réimse saincheisteanna sábháilteachta á bhfiosrú, lena n-áirítear substaintí, timpistí a chosc agus sábháilteacht i gcomhthéacsanna gluaiseachta.
- An t-eolas, na scileanna agus an mhuinín a thabhairt do pháistí chun iad féin a chosaint ar dhíobháil, agus béim ar leith ar chosaint ar mhí-úsáid páistí agus bulaíocht.

### a mbealach a dhéanamh trí na meáin agus tríd an domhan digiteach go sábháilte agus go freagrach.

- Scileanna smaointeoireachta criticiúla páistí a fhorbairt chun cabhrú leo caidreamh cothromaithe agus eolasach a fhorbairt leis na meáin agus leis an teicneolaíocht, agus deiseanna agus dúshláin á n-aithint, chomh maith lena dtionchar ar fholláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach.

### taitneamh ar feadh an tsaoil agus rannpháirteachas i ngníomhaíocht choirp a chothú.

- Muinín, inspreagadh agus dearcadh dearfach a chothú trí eispéiris chorpoideachais thaitneamhacha, rud a spreagann tiomantas ar feadh an tsaoil do ghníomhaíocht choirp.

# 4. Snáitheanna agus Gnéithe

## Snáitheanna

Léiríonn snáitheanna na príomhchatagóirí d'fhoghlaim páistí i sonraíocht na *Folláine*. Seo a leanas na ceithre shnáithe:

- Inniúlacht gluaiseachta
- Oideachas mothúchánach agus caidreamhach
- Oideachas sláinte
- Pobal agus muintearas

Tá sraith snáithaonad ag gach snáithe.

### Snáithaonaid

Cuirtear na snáithaonaid i sonraíocht na *Folláine* i láthair i dTábla 2.

**Tábla 2:** Snáithaonaid i sonraíocht na *Folláine*

| Inniúlacht gluaiseachta | Oideachas mothúchánach agus caidreamhach | Oideachas sláinte | Pobal agus muintearas |
|---|---|---|---|
| Scileanna gluaiseachta | Féiniúlacht | Maireachtáil shláintiúil | Braistint muintearais |
| Coincheapa gluaiseachta | Feasacht mhothúchánach agus cur in iúl | Substaintí | Teaghlach |
| Straitéisí gluaiseachta | Caidrimh | Forbairt an duine | Cearta agus cothroime |
| Gluaiseacht agus mé féin | Teacht aniar | Sábháilteacht | Saoránacht |
| | Roghanna a dhéanamh | Folláine na meán agus folláine dhigiteach | |

### Ceangail ar fud snáitheanna agus snáithaonad

Le Tábla 3 cuirtear i láthair siombail lena léirítear snáithaonaid atá ábhartha don Chorpoideachas agus do OSPS araon.

- Céim 1 agus Céim 2: Leis an tsiombail tarraingítear aird ar Thorthaí Foghlama comhtháite a bhaineann leis an dá ábhar. Tá sí ina cuidiú ag múinteoirí chun deiseanna le haghaidh comhtháthú a aithint idir an Corpoideachas agus OSPS.
- Céim 3 agus Céim 4: Éiríonn na Torthaí Foghlama níos sonraí, agus idirdhealú soiléir ann idir an Corpoideachas agus OSPS, rud a thugann deis don teagasc a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith agus ceangail á gcoinneáil.

Tá an struchtúr sin ina thaca ag múinteoirí chun naisc fhiúntacha agus deiseanna maidir le comhtháthú a shainaithint laistigh de shonraíocht na *Folláine*. Cuirtear eispéireas foghlama comhtháite chun cinn do pháistí leis sin.

**Tábla 3:** Ceangail Chorpoideachais agus OSPS laistigh de shonraíocht na *Folláine* i gCéim 1 agus i gCéim 2

## Ábhartha agus infheidhme maidir le comhthéacsanna an Chorpoideachais agus OSPS araon

Agus an curaclam á roinnt i snáitheanna agus snáithaonaid, soláthraítear formáid áisiúil inar féidir na Torthaí Foghlama a chur i láthair. É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil siad idirspleách agus nach bhfuil siad scoite. Dá bhrí sin, i gceacht ar leith, is féidir go mbeidh múinteoir ag obair ar roinnt Torthaí Foghlama ag an am céanna.

### Réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

Le sonraíocht na *Folláine* áirítear seacht réimse gníomhaíochta den Chorpoideachas freisin ar a dtugtar breac-chuntas i bhFíor 2. Is iad réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais an meán trínar féidir le páistí na Torthaí Foghlama atá ábhartha maidir leis an gCorpoideachas a bhaint amach ar fud Chéimeanna 1 go 4. Tá tuilleadh sonraí maidir le réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais le fáil i gCaibidil 6.




**Fíor 2:** Réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais


## Gnéithe

Déanann gnéithe cur síos ar na próisis a mbíonn páistí ag gabháil dóibh agus iad ag foghlaim i sonraíocht na *Folláine*. Tacaíonn na gnéithe sin lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí. Is iad seo a leanas na ceithre ghné i sonraíocht na *Folláine*:

- Cumarsáid
- Fiosrú agus cur i bhfeidhm
- Gluaiseacht
- Machnamh agus tuiscint

**Tábla 4:** Gnéithe i sonraíocht na *Folláine*

| Gné | Cur síos |
|---|---|
| **Cumarsáid** | Cuireann páistí a gcuid smaointe, mothúchán agus braistintí in iúl trí chineálacha éagsúla cumarsáide, lena n-áirítear gluaiseacht coirp, comharthaíocht choirp, gothaí, cumas labhartha, teanga chomharthaíochta, cumarsáid scríofa, leideanna amhairc agus meáin dhigiteacha nó leictreonacha, ach gan bheith teoranta don mhéid sin. Baineann siad leas as éisteacht ghníomhach mar go gcruthaíonn sé timpeallacht ina gcumhachtaíonn cumarsáid iad chun peirspictíochtaí éagsúla a thuiscint agus a léirthuiscint. Trí mheas a léiriú ar ghuth an pháiste agus trína aimpliú cinntítear go mothaíonn siad go dtugtar cluas dóibh, go bhfuil meas orthu agus go n-áirítear iad, rud a chothaíonn a muinín agus a spreagann féinléiriú. I dtimpeallacht chomharfhoghlama, bíonn páistí faoi bhláth a bhuí le tábhacht na cumarsáide a aithint chun obair foirne a chothú, chomh maith lena scileanna sóisialta agus mothúchánacha a fheabhsú. |
| **Fiosrú agus cur i bhfeidhm** | Tá fiosrú páistí mar bhunús le cur i bhfeidhm eolais, scileanna, coincheap, meonta, dearcthaí agus luachanna. Trí fhiosrú, cothaítear a bhfiosracht, a gcruthaitheacht agus a n-inoiriúnaitheacht, ag tacú lena smaointeoireacht chriticiúil agus lena gcinnteoireacht eolasach ag an am céanna. Le rannpháirteachas páistí le fiosrú gníomhach, doimhnítear tuiscint agus cothaítear eispéiris foghlama spraíúla, tharraingteacha agus fhiúntacha. Cumhachtaítear páistí chun a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar bhealaí praiticiúla, laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile. |
| **Gluaiseacht** | Tá foghlaim páistí sa Chorpoideachas bunaithe ar ghluaiseacht. Ní hamháin go bhfoghlaimíonn páistí 'i' ngluaiseacht ach foghlaimíonn siad 'trí' ghluaiseacht agus 'faoi' ghluaiseacht freisin. Tarlaíonn foghlaim 'i' ngluaiseacht trína scileanna aonair a bhaineann le gluaiseacht a fhorbairt. Ach foghlaim 'trí' ghluaiseacht cuidítear le páistí tuiscint a fháil ar scileanna, coincheapa agus meonta éagsúla, agus a dtuiscint orthu sin a dhoimhniú. Ach foghlaim 'faoi' ghluaiseacht cumasaítear do pháistí eolas agus tuiscint a fháil, le linn dul i mbun gníomhaíochtaí gluaiseachta agus ina dhiaidh sin. |
| **Machnamh agus tuiscint** | Trí mhachnamh a dhéanamh, baineann páistí brí as eispéiris, agus faigheann siad léargas ar a n-ábharthacht phearsanta, rud is féidir bonn eolas a chuir faoi eispéiris foghlama amach anseo agus dearcadh d'fhás leanúnach a chothú. Baineann siad leas as machnamh ós rud é go gcumhachtaítear a nglór leis, go gcuirtear féinfheasacht chun cinn leis, go neartaítear scileanna idirphearsanta leis agus go dtacaítear cinnteoireacht eolasach leis. Trí mhachnamh a dhéanamh ar eispéiris, luachanna agus creidimh, tacaítear le páistí a dtuiscint ar fholláine iomlánaíoch a dhoimhniú. Cothaíonn siad an mhuinín chun saolta gníomhacha, machnamhacha, nasctha agus freagracha a chaitheamh. |




**Fíor 3:** Na snáitheanna agus na gnéithe i sonraíocht na *Folláine*




# 5. Torthaí Foghlama

Chun cumas gach páiste a chothú, tá sé tábhachtach go gcuirtear Torthaí Foghlama in iúl go soiléir. Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair na Torthaí Foghlama do shonraíocht na *Folláine*. Le Torthaí Foghlama déantar cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe do na páistí uile i ndeireadh céim dhá bhliain, nuair a chuirtear cumas aonair agus cúinsí éagsúla san áireamh go cuí. Díríonn siad ar thuiscint na bpáistí, ar a dtagann forbairt ach eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a shealbhú agus a chothú de réir a chéile i sonraíocht na *Folláine*.

Agus na prionsabail agus na cuir chuige oideolaíochta i g*Creatchuraclam na Bunscoile* á léiriú, baintear úsáid as an 'bhfréamh' '*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha*' chun na Torthaí Foghlama a chur i láthair i ngach céim. Is é an aidhm atá ag an bhfréamh seo ná timpeallacht foghlama a chothú lena n-éascaítear eispéiris shaibhre foghlama, mar atá leagtha amach i gCaibidil 6, 'Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm'.

Foghlaimíonn páistí agus múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla. Tá na Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine* leathan agus cothromaithe chun cumas gníomhúcháin múinteoirí agus solúbthacht a éascú i scoileanna. I bhfianaise a leithne atá siad, le linn do mhúinteoirí a bheith ag obair le Torthaí Foghlama, is féidir leo díriú ar ghnéithe sonracha den fhoghlaim, agus an comhthéacs agus réamhfhoghlaim na bpáistí á gcur san áireamh. Le linn do mhúinteoirí a bheith ag ullmhú d'eispéiris foghlama agus teagaisc, is féidir leo díriú ar ghnéithe ar leith de Thoradh Foghlama nó, in amanna, ar ghnéithe de Thorthaí Foghlama iomadúla. Le formhór na dTorthaí Foghlama, cuirtear i láthair an fhoghlaim agus an fhorbairt bheartaithe i ndeireadh gach céime. Nuair a chuimsítear dhá chéim le Torthaí Foghlama, ba cheart do mhúinteoirí eispéiris a oiriúnú chun téamaí agus cuir chuige atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de a áireamh chun tacú leis an bhfoghlaim ag gach céim.

## Príomhinniúlachtaí

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn páistí le linn a n-eispéireas oideachais luath-óige le *Aistear* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil trí eispéiris foghlama arna múnlú ag an g*Creat don tSraith Shóisearach*. Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine* agus ag tabhairt faoi eispéiris shaibhre foghlama, tógtar agus forbraítear na príomhinniúlachtaí sin ag an am céanna.




**Fíor 4:** Príomhinniúlachtaí

**Tábla 5:** Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear trí fhoghlaim i sonraíocht na *Folláine*

| Príomhinniúlacht | Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim i sonraíocht na *Folláine* |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Braistint cothroime, ionbhá, oibre foirne agus measa a chothú le linn léirthuiscint ar éagsúlacht agus pobal a spreagadh<br>• Aitheantas ar chearta agus freagrachtaí a chumasú, forbairt a dhéanamh ar an gcumas le roghanna eolasacha a dhéanamh, agus blaiseadh den fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | • Foghlaim ghníomhach a chur chun cinn trí eispéiris phraiticiúla, leagan síos spriocanna a spreagadh agus guth páistí a chumhachtú<br>• Féinfheasacht, féinrialúchán agus smaointeoireacht mhachnamhach a spreagadh |
| **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** | • Scileanna cumarsáide éifeachtacha, éisteacht ghníomhach agus réiteach coinbhleachta a chothú, rud a chumasaíonn do pháistí cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú<br>• Feabhas a chur ar bhealach a dhéanamh go criticiúil trí fhaisnéis chun cinnteoireacht eolasach a chothú |
| **A bheith cruthaitheach** | • Féinléiriú cruthaitheach a chumasú ar bhealaí iomadúla, amhail trí ghluaiseacht, scéalaíocht, rólimirt agus go físiúil<br>• Dul i mbun eispéiris spraíúla chun fiosracht, samhlaíocht agus leathanaigeantacht a chothú agus chun a bhfolláine iomlánaíoch a fheabhsú |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn faoi úsáid na teicneolaíochta digití i gcomhthéacsanna éagsúla chun tacú le folláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus chaidreamhach<br>• Úsáid shábháilte, eiticiúil agus fhreagrach theicneolaíochtaí digiteacha a chumhachtú |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Tabhairt faoi chatagóiriú agus teanga mhatamaiticiúil a úsáid le linn gníomhaíochtaí gluaiseachta<br>• Feasacht ar spásúlacht agus tuiscint ar phatrúin agus seichimh a fhorbairt |
| **A bheith slán** | • Páistí a chumasú chun roghanna eolasacha a dhéanamh chun tacú le stíleanna maireachtála sláintiúla agus gníomhacha<br>• An t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a thabhairt do pháistí chun a bhfolláine iomlánaíoch a chothú |

Chun cabhrú le múinteoirí na príomhinniúlachtaí atá leabaithe laistigh de na Torthaí Foghlama a shainaithint, cuirtear túslitreacha taobh le gach Toradh Foghlama, mar atá mínithe i dTábla 6. I ngach cás, sainaithnítear suas le trí phríomhinniúlacht. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.

**Tábla 6:** Eochair eolais na príomhinniúlachta

| Túslitreacha | Príomhinniúlacht |
|---|---|
| SG | A bheith i do shaoránach gníomhach |
| FG | A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach |
| CT | A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C | A bheith cruthaitheach |
| FD | A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach |
| M | A bheith matamaiticiúil |
| S | A bheith slán |



## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Inniúlacht gluaiseachta**

| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Scileanna gluaiseachta** | réimse scileanna gluaiseachta luaile a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag siúl, ag seachaint, gluaisteacht ar rothaí, ag hapáil, ag rith, ag scipeáil, ag léim agus ag tabhairt céim leataoibh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M | réimse scileanna gluaiseachta luaile a chleachtadh agus a mhionathrú amhail a bheith ag siúl, ag seachaint, gluaisteacht ar rothaí, ag hapáil, ag rith, ag scipeáil, ag léim agus ag tabhairt céim leataoibh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M | **Corpoideachas** réimse scileanna gluaiseachta luaile a choigeartú agus a chur i bhfeidhm le muinín mhéadaitheach amhail a bheith ag siúl, ag seachaint, gluaisteacht ar rothaí, ag hapáil, ag rith, ag scipeáil, ag léim agus ag tabhairt céim leataoibh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M | **Corpoideachas** réimse scileanna gluaiseachta luaile a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs, amhail a bheith ag siúl, ag seachaint, gluaisteacht ar rothaí, ag hapáil, ag rith, ag scipeáil, ag léim agus ag tabhairt céim leataoibh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M |
| | réimse scileanna gluaiseachta seasmhachta a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag cothromú, ag tuirlingt, ar snámh in uisce, ag casadh, ag rolladh agus ag imchasadh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG | réimse scileanna gluaiseachta seasmhachta a chleachtadh agus a mhionathrú amhail a bheith ag cothromú, ag tuirlingt, ar snámh in uisce, ag casadh, ag rolladh agus ag imchasadh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG | réimse scileanna gluaiseachta seasmhachta a choigeartú agus a chur i bhfeidhm le muinín mhéadaitheach amhail a bheith ag cothromú, ag tuirlingt, ar snámh in uisce, ag casadh, ag rolladh agus ag imchasadh trí raon de na réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG | réimse scileanna gluaiseachta seasmhachta a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs, amhail a bheith ag cothromú, ag tuirlingt, ar snámh in uisce, ag casadh, ag rolladh agus ag imchasadh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG |
| | réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M | réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a chleachtadh agus a mhionathrú amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M | réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a choigeartú agus a chur i bhfeidhm le muinín mhéadaitheach amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M | réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs, amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M |
| | scileanna gluaiseachta a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a fhiosrú agus a fhorbairt trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG | scileanna gluaiseachta a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a chleachtadh agus a mhionathrú trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG | scileanna gluaiseachta a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a choigeartú agus a chur i bhfeidhm le muinín mhéadaitheach trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG | scileanna gluaiseachta a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG |

**Na príomhinniúlachtaí:**
SG = A bheith i do shaoránach gníomhach   FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach   CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach   FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach   M = A bheith matamaiticiúil   S = A bheith slán

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **Inniúlacht gluaiseachta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Coincheapa gluaiseachta** | coincheap na feasachta coirp agus dinimic amhail cáilíocht na gluaiseachta, meáchan agus aistriú meáchain a fhiosrú agus a fhorbairt trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | coincheap na feasachta coirp agus dinimic amhail cáilíocht na gluaiseachta, meáchan agus aistriú meáchain a chleachtadh agus a mhionathrú trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | **Corpoideachas** coincheap na feasachta coirp agus dinimic amhail cáilíocht na gluaiseachta, meáchan agus aistriú meáchain a choigeartú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | **Corpoideachas** coincheapa na feasachta coirp agus dinimic amhail cáilíocht na gluaiseachta, meáchan agus aistriú meáchain a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C |
| | caidrimh agus feasacht ar spásúlacht a fhiosrú agus a fhorbairt, amhail scoitheadh agus gluaiseacht, gluaiseacht sheicheamhaithe nó bealach a dhéanamh trí spás i gconairí difriúla trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | caidrimh agus feasacht ar spásúlacht a chleachtadh agus a mhionathrú, amhail scoitheadh agus gluaiseacht, gluaiseacht sheicheamhaithe nó bealach a dhéanamh trí spás i gconairí difriúla trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | caidrimh agus feasacht ar spásúlacht a choigeartú agus a chur i bhfeidhm, amhail scoitheadh agus gluaiseacht, gluaiseacht sheicheamhaithe nó bealach a dhéanamh trí spás trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | caidrimh agus feasacht ar spásúlacht a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm, amhail scoitheadh agus gluaiseacht, gluaiseacht sheicheamhaithe nó bealach a dhéanamh trí spás trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C |
| **Straitéisí gluaiseachta** | réiteach fadhbanna, teaictící bunúsacha agus straitéisí a fhiosrú agus a fhorbairt trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | réiteach fadhbanna, teaictící agus straitéisí a chleachtadh agus a mhionathrú trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | **Corpoideachas** réiteach fadhbanna, teaictící agus straitéisí a choigeartú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | **Corpoideachas** réiteach fadhbanna, teaictící agus straitéisí a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C |
| | straitéisí lena ndéantar dúshlán a optamú dóibh féin agus do dhaoine eile a fhiosrú agus a fhorbairt trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | straitéisí lena ndéantar dúshlán a optamú dóibh féin agus do dhaoine eile a chleachtadh agus a mhionathrú trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C | straitéisí lena ndéantar dúshlán a optamú dóibh féin agus do dhaoine eile a choigeartú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, CT | straitéisí lena ndéantar dúshlán a optamú dóibh féin agus do dhaoine eile a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, CT |

**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Inniúlacht gluaiseachta**

| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Gluaiseacht agus mé féin** | machnamh a dhéanamh ar ábharthacht phearsanta eispéireas gluaiseachta, ar bhonn aonair agus le daoine eile, agus conas a fhéadfaidh tionchar dearfach a bheith ag a gcuid foghlama ar a dturas gluaiseachta féin a shainaithint. S, CT, FG | | **Corpoideachas** machnamh a dhéanamh ar ábharthacht phearsanta eispéireas gluaiseachta, ar bhonn aonair agus le daoine eile, agus conas a fhéadfaidh tionchar dearfach a bheith ag a gcuid foghlama ar a dturas gluaiseachta féin a shainaithint. S, CT, FG | |
| | machnamh a dhéanamh ar conas is féidir le hiarracht agus forbairt i scileanna, coincheapa agus straitéisí feabhas a chur ar a n-eispéiris ghluaiseachta. S, CT, FG | | machnamh a dhéanamh ar conas is féidir le hiarracht agus forbairt i scileanna, coincheapa agus straitéisí feabhas a chur ar a n-eispéiris ghluaiseachta. S, CT, FG | |
| | a aithint cathain, cén áit agus conas is féidir leo a bheith gníomhach ina rang, ina scoil agus ina bpobal agus an duine lenar féidir leo a bheith gníomhach amhlaidh a aithint freisin. S, SG, CT | | bealaí a aithint agus a mholadh chun freagracht a ghlacadh as cathain, cén áit agus conas is féidir leo a bheith gníomhach ina rang, ina scoil agus ina bpobal, agus as an duine lenar féidir leo a bheith gníomhach amhlaidh. S, SG, CT | |

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil | S = A bheith slán |

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oideachas mothúchánach agus caidreamhach**

| **Snáithaonad** | **Céim 1**<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2**<br>Rang a haon agus a dó | **Céim 3**<br>Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4**<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Féiniúlacht** | braistint mhéadaitheach féinaitheantais agus féinmhuiníne a fhorbairt, agus a gcuid tréithe, cumas, buanna agus ábhar spéise uathúil á bhfiosrú, agus cosúlachtaí agus uathúlacht i ndaoine eile á n-athaint. S, CT, FG | | **Corpoideachas**<br>a bhféiniúlacht, a láidreachtaí agus a n-uathúlacht phearsanta a fhiosrú agus a thuiscint trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla, oibriú go measúil le daoine eile agus luach na gluaiseachta a shainaithint ina saol laethúil chun féinfheasacht agus muinín a chothú. S, CT, FG<br><br>**OSPS**<br>tuiscint dhearfach ar a nádúr féin a chothú trí fhachtóirí a aithint lenar féidir cuir lena bhféiniúlacht, lena bhféiníomhá agus lena bhféinmheas, agus glacadh, meas agus comhbhá i dtreo éagsúlacht i ndaoine eile a thaispeáint. S, CT, FG | |
| **Feasacht mhothúchánach agus cur in iúl** | réimse mothúchán agus braistintí coitianta a aithint agus a ainmniú agus tosú ar scileanna comhbhácha a thaispeáint. S, CT, FG<br><br>straitéisí a fhiosrú agus a chleachtadh chun mothúcháin agus braistintí a fhéinrialú/a chomhrialú agus a chur in iúl go héifeachtach. S, CT, FG | réimse leathan mothúchán agus braistintí a aithint, a ainmniú agus a ndéine a mheas, agus freagairt go tuisceanach do bhraistintí agus mothúcháin daoine eile. S, CT, FG<br><br>scil mhéadaithe a léiriú maidir le mothúcháin agus braistintí a chur in iúl agus maidir le féinrialú/comhrialú, ag aithint nuair atá mothúcháin agus braistintí ag géarú. S, CT, FG | **Corpoideachas**<br>cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin agus braistintí roimh ghluaiseacht, lena linn agus ina diaidh, agus an tionchar atá acu orthu féin agus ar dhaoine eile a fhiosú agus straitéisí a chleachtadh chun mothúcháin a rialú. S, CT, FG<br><br>**OSPS**<br>feasacht ar fhreagraí mothúchánacha pearsanta a thaispeáint, agus machnamh á dhéanamh ar fhachtóirí laistigh agus lasmuigh dá rialú lena bhféadfar tionchar a imirt orthu. S, CT, FG<br><br>fiosrú a dhéanamh ar conas is féidir tionchar a bheith ag mothúcháin agus braistintí ar iompar agus eispéiris duine. S, CT, FG<br><br>tabhairt faoi réimse straitéisí le haghaidh rialú agus léiriú mothúchánach sláintiúil, agus mothúcháin agus braistintí daoine eile á n-aithint, agus freagairt á tabhairt dóibh, le hionbhá. S, CT, FG | **Corpoideachas**<br>tabhairt faoi mhachnamh chun feasacht a dhoimhniú ar an nasc idir gluaiseacht, mothúchain agus braistintí agus straitéisí rialála a chur i bhfeidhm chun mothúcháin a bhainistiú. S, CT, FG<br><br>**OSPS**<br>tabhairt faoi fhéinmhachnamh chun feasacht ar fhreagraí mothúchánacha pearsanta a dhoimhniú, agus tosú ar phatrúin a aithint. S, CT, FG<br><br>an nasc idir smaointe, mothúcháin agus braistintí agus iompar a fhiosrú. S, CT, FG<br><br>réimse straitéisí a chur i bhfeidhm chun a bhfolláine mhothúchánach a chothú agus déileáil le struis laethúla an tsaoil agus scileanna comhbhácha a úsáid mar fhreagra ar phiaraí, a bhfuil dúshláin mhothúchánacha ag dul dóibh, nuair is cuí. S, CT, FG |

**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach  FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach  CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid  C = A bheith cruthaitheach  FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach  M = A bheith matamaiticiúil  S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oideachas mothúchánach agus caidreamhach**

| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Caidrimh** | tábhacht caidreamh difriúil le haghaidh folláine a aithint, lena n-áirítear leis an duine féin, leis an teaghlach, le cairde, le piaraí agus le leathbhádóirí. S, FG, CT | | **Corpoideachas**<br>príomhghnéithe d'obair foirne agus comhoibriú a shainaithint agus a chur i bhfeidhm. S, FG, CT<br><br>**OSPS**<br>príomhghnéithe de chaidrimh shláintiúla a shainaithint agus a phlé amhail idirghníomhaíochtaí measúla, toiliú agus cumarsáid éifeachtach, agus é á aithint conas a chuireann caidrimh shláintiúla le folláine. S, FG, CT<br><br>cumas méadaitheach a fhorbairt chun déileáil le caidrimh atá ag athrú, agus straitéisí á gcleachtadh chun bealach a dhéanamh trí thionchar ó phiaraí, aighneas agus coinbhleacht. S, FG, CT<br><br>idirdhealú a dhéanamh idir iompar sláintiúil agus míshláintiúil i gcaidrimh, cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a shainaithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach. Tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil an t-iompar sin díobhálach agus na freagraí cuí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm. S, FG, CT | **Corpoideachas**<br>príomhghnéithe d'obair foirne agus comhoibriú a chorprú, trí rannpháirtíocht. S, FG, CT<br><br>**OSPS**<br>meastóireacht a dhéanamh ar phríomhghnéithe de chaidrimh shláintiúla, amhail toiliú, cumarsáid éifeachtach, cóimheas agus iontaoibh, agus léirthuiscint á léiriú ar an tábhacht atá le caidrimh shláintiúil don fholláine. S, FG, CT<br><br>cumas méadaitheach a léiriú chun caidrimh atá ag athrú a bhainistiú i gcásanna sóisialta éagsúla, agus straitéisí á nglacadh chun bealach a dhéanamh trí thionchar sóisialta agus freagairt do choinbhleachtaí idirphearsanta go cuiditheach. S, FG, C<br><br>idirdhealú a dhéanamh idir iompar sláintiúil agus míshláintiúil i gcaidrimh, cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a shainaithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach. Tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil an t-iompar sin díobhálach agus freagraí cuí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm le muinín mhéadaitheach. S, FG, CT<br><br>tosú ar ghnéaschlaonadh a thuiscint mar chur síos a dhéanamh ar mhealladh do dhuine éigin d'inscne dhifriúil, den inscne chéanna nó de níos mó ná inscne amháin. S, FG, CT |
| | caidrimh shláintiúla a bhunú agus a choinneáil, agus an tábhacht atá le hidirghníomhaíochtaí measúla, toiliú agus cumarsáid éifeachtach á haithint agus straitéisí a fhorbairt chun aighneas a réiteach. S, FG, CT<br><br>iompar sláintiúil agus míshláintiúil i gcaidrimh a aithint, agus cásanna bulaíochta agus mí-úsáide á sainaithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach. An fáth a bhfuil an t-iompar sin díobhálach a aithint agus freagraí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm. S, FG, CT | caidrimh shláintiúla a chothú agus a choinneáil, agus tuiscint a fháil ar an tábhacht atá le hidirghníomhaíochtaí measúla, toiliú agus cumarsáid éifeachtach agus straitéisí a chleachtadh chun aighneas a réiteach le tacaíocht. S, FG, CT<br><br>tuiscint mhéadaitheach ar iompar sláintiúil agus míshláintiúil i gcaidrimh a fhorbairt, agus cásanna bulaíochta agus mí-úsáide á sainaithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach. An fáth a bhfuil an-tiompar sin díobhálach a aithint agus freagraí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm. S, FG, CT | | |

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | |
|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil    S = A bheith slán |

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oideachas mothúchánach agus caidreamhach**

| **Snáithaonad** | **Céim 1**<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2**<br>Rang a haon agus a dó | **Céim 3**<br>Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4**<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Teacht aniar** | cur chuige oscailte agus fiosrach a fhorbairt i leith dúshláin chuí, ag féachaint orthu mar dheiseanna foghlama agus forbartha, agus scileanna chun déileáil le deacrachtaí, muinín chun coinneáil orthu agus an cumas chun tacaíocht a lorg nuair is gá á gcothú. S, FG, CT | | **Corpoideachas agus OSPS**<br>tiomantas agus muinín a léiriú chun coinneáil orthu le dúshlán cuí, agus machnamh a dhéanamh ar an nasc idir iarracht agus feabhsú, scileanna chun déileáil le deacrachtaí a léiriú, ar scileanna iad a thacaíonn le teacht aniar agus an cumas chun tacaíocht a lorg nuair is gá a léiriú. S, FG, CT | |
| **Roghanna a dhéanamh** | roghanna laethúla a dhéanann siad féin agus daoine eile a mheas, agus feasacht áirithe á léiriú ar na fachtóirí lena bhféadfar tionchar a imirt ar chinntí nó roghanna. S, FG, CT<br><br>dul i mbun riosca agus eachtraíochta; agus muinín á forbairt chun a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin, iarmhairtí a mheas agus roghanna freagracha a dhéanamh. S, FG, CT | straitéisí a fhorbairt chun tacú le cinnteoireacht, agus machnamh á dhéanamh ar fhachtóirí lena bhféadfar tionchar a imirt ar chinntí. S, FG, CT<br><br>glacadh le riosca agus eachtraíocht le muinín mhéadaitheach; agus scileanna smaointeoireachta criticiúla á bhforbairt, meastóireacht á déanamh ar rioscaí agus roghanna freagracha á ndéanamh. S, FG, CT | **Corpoideachas**<br>le tacaíocht, spriocanna sonracha agus solúbtha a leagan síos mar ghrúpa agus ar bhonn aonair araon, nasctha le fócas an ranga, agus gníomhartha riachtanacha agus cabhair is gá á sainaithint, agus machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus ar a ngnóthachtálacha féin. S, FG, CT<br><br>**OSPS**<br>cumas gníomhúcháin pearsanta agus freagracht i gcinnteoireacht a mheas, agus tionchair iomadúla á n-aithint agus straitéisí cinnteoireachta simplí a chleachtadh. S, FG, C | **OSPS**<br>léirthuiscint a léiriú ar chumas gníomhúcháin pearsanta agus freagracht i gcinnteoireacht, agus meastóireacht á déanamh ar thionchair agus straitéisí a ghlacadh chun tacú le cinnteoireacht eolasach. S, FG, C |

**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oideachas sláinte**

| Snáithaonad | Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2<br>Rang a haon agus a dó | Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair | Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Maireachtáil shláintiúil** | feasacht a thaispeáint ar fhachtóirí ar féidir tionchar a bheith acu ar fholláine, amhail gníomhaíocht choirp, eispéiris taobh amuigh, bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth. S, CT, FG<br><br>na rudaí difriúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh a fhiosrú agus a phlé. S, CT, FG | tuiscint a fháil ar bhealaí ar féidir tionchar a bheith ag gníomhaíocht choirp, eispéiris taobh amuigh, bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth ar fholláine agus cuimhneamh ar conas a bhfolláine a chothú. S, CT, FG<br><br>blaiseadh a fháil agus cur síos a dhéanamh ar na héifeachtaí fisiciúla láithreacha ar an gcorp a bhaineann le bheith gníomhach, amhail ráta croí, análú agus teocht. S, CT, FG | **Corpoideachas**<br>blaiseadh a fháil, míniú a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí fisiciúla ar an gcorp a bhaineann le bheith gníomhach, amhail athruithe ar ráta croí, análú, teocht, solúbthacht agus comhordú. S, CT, M<br><br>**Corpoideachas agus OSPS**<br>a thaispeáint go bhfuil siad toilteanach a bhfolláine a chothú i réimsí amhail gníomhaíocht choirp, eispéiris taobh amuigh, bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth, agus riachtanais athraitheacha á n-aithint de réir mar a fhásann siad mar aon le tábhacht stíle maireachtála cothromaithe. S, CT, FG | **Corpoideachas**<br>blaiseadh a fháil ar thionchar cineálacha difriúla gluaiseachta ar fhorbairt fhisiciúil an duine, agus an tionchar sin a aithint, i réimsí amhail neart matáin, fulangacht chardashoithíoch, solúbthacht agus comhordú. S, CT, FG<br><br>**Corpoideachas agus OSPS**<br>dearcadh dearfach a thaispeáint i dtreo a bhfolláine a chothú i réimsí amhail gníomhaíocht choirp, eispéiris taobh amuigh, bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth, agus léirthuiscint á léiriú ar an tábhacht a bhaineann le stíl mhaireachtála chothromaithe agus riachtanais athraitheacha á n-aithint de réir mar a fhásann siad. S, CT, FG |
| **Substaintí** | a aithint nuair is féidir go mbeidh gá le cógais, substaintí contúirteacha nó substaintí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ina dtimpeallacht a shainaithint, agus tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le rialacha sábháilteachta a leanúint. S, CT | idirdhealú a dhéanamh idir substaintí agus cógais atá úsáideach, sábháilte, contúirteach nó a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ag brath ar a gcuspóir agus ar a n-úsáid, agus tuiscint á fáil ar an tábhacht a bhaineann le cloí le rialacha sábháilteachta. S, CT | **OSPS**<br>idirdhealú a dhéanamh idir substaintí atá cabhrach, díobhálach, dleathach agus/nó neamhdhleathach, amhail galtoitíní, tobac, alcól agus drugaí/cógais eile agus cuid dá n-éifeachtaí ar an gcorp a shainaithint. S, CT, M<br><br>plé a dhéanamh ar na cúiseanna a bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh daoine galtoitíní, tobac, alcól nó drugaí/cógais eile agus straitéisí a mholadh/a chleachtadh chun déileáil le brúnna le substaintí a mhí-úsáid. S, CT, FG | **OSPS**<br>tuiscint a fháil ar chuid de na tionchair agus de na rioscaí féideartha a bhaineann le substaintí a úsáid nó a mhí-úsáid, amhail galtoitíní, tobac, alcól agus drugaí/cógais eile. S, CT, M<br><br>réimse cúiseanna a aithint a bhféadfaidh daoine substaintí a úsáid nó a mhí-úsáid, amhail galtoitíní, tobac, alcól agus drugaí/cógais eile, agus straitéisí a mholadh/a chleachtadh chun déileáil le brúnna le substaintí a mhí-úsáid. S, CT, FG |

<table>
<tr><th colspan="5">Torthaí Foghlama don Snáithe: Oideachas sláinte</th></tr>
<tr><th>Snáithaonad</th><th>Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha</th><th>Céim 2<br>Rang a haon agus a dó</th><th>Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair</th><th>Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé</th></tr>
<tr><td colspan="5">Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Forbairt an duine</td><td rowspan="3">baill den chorp a ainmniú agus téarmaí anatamaíocha á n-úsáid, lena n-áirítear péineas, cíocha, pit, faighin. Réigiúin phríobháideacha den chorp agus teorainneacha a shainaithint agus iompar príobháideach agus poiblí cuí a aithint. S, CT, FG<br><br>samplaí d'fhás agus forbairt phearsanta a aithint, agus é á thuiscint go bhfuil coinne le bheith le héagsúlacht aonair. S, CT, FG<br><br>feasacht ar bhreith an duine a fhorbairt agus an cúram agus na cúinsí a theastaíonn ó naíonáin a shainaithint chun cabhrú leo fás agus forbairt. S, CT, FG</td><td rowspan="3">úsáid a bhaint as téarmaí atá ceart go hanatamaíoch le haghaidh na mball den chorp, agus é á aithint go bhfuil baill áirithe den chorp príobháideach. Idirdhealú a dhéanamh idir iompar príobháideach agus poiblí agus plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar theorainneacha coirp. S, CT, FG<br><br>bealaí a n-athraíonn corp an duine mar a fhásann siad a aithint. Tuiscint a fháil air gur féidir a bheith ag súil le héagsúlacht, agus go bhfuil breith, beatha, fás agus bás uilig mar chuid de shaolré an duine. S, CT, FG</td><td>OSPS<br>céimeanna agus seicheamh fhorbairt an naíonáin dhaonna a shainaithint ón nginiúint go dtí an bhreith agus cur síos a dhéanamh ar na hathruithe a tharlaíonn le linn an toirchis. S, CT, FG</td><td>OSPS<br>orgáin atáirgthe inmheánacha agus seachtracha a ainmniú agus an fheidhm atá acu a shainaithint, agus caidreamh collaí, giniúint, toircheas agus breith a thuiscint. S, CT, FG</td></tr>
<tr><td colspan="2">OSPS<br>tuiscint mhéadaitheach ar athruithe fisiciúla, sóisialta agus mothúchánacha a tharlaíonn le linn caithreachais a thaispeáint, agus é á thuiscint go mbeidh coinne le héagsúlacht aonair. S, CT, FG<br><br>Le hathruithe le linn caithreachais is féidir a áireamh athruithe hormónacha, cumraíocht coirp athraitheach, láithriú caithre/clúimh aghaidhe/gruaige ascaille, forbairt cíoch, fás/méadú uiríocha agus péinis, briseadh gutha, speirm a tháirgeadh, tús eisilte oíche (brionglóidí fliucha), míostrú agus mothúcháin mhealltа.</td></tr>
<tr><td colspan="2">an tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach a ghlacadh i leith a gcoirp athraithigh le linn caithreachais a aithint. Córais tacaíochta a shainaithint, lena n-áirítear foinsí inchreidte faisnéise agus tacaíocht á lorg ó dhuine fásta iontaofa. S, FG, CT</td></tr>
</table>

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil | S = A bheith slán |

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oideachas sláinte**

| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Sábháilteacht** | tuiscint agus léirthuiscint ar rialacha agus cleachtais sábháilteachta bhunúsacha a thaispeáint. Cásanna agus iompar baolach nó contúirteach a shainaithint agus a mhaolú, agus tús áite á tabhairt do thimpistí a chosc agus straitéisí sábháilteachta cuí a chleachtadh/a ghlacadh. S, FG, CT | | **Corpoideachas agus OSPS** léirthuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le rialacha agus cleachtais sábháilteachta maidir le gluaiseacht agus i gcomhthéacsanna eile. Measúnú a dhéanamh ar rioscaí, cásanna agus iompar baolach a shainaithint agus straitéisí sábháilteachta cuí a chleachtadh/a ghlacadh. Muinín agus freagracht phearsanta mhéadaitheach a thaispeáint i dtreo timpistí a chosc. S, FG, CT | |
| **Folláine na meán agus folláine dhigiteach** | plé a dhéanamh ar mheáin dhifriúla, lena n-áirítear teicneolaíocht dhigiteach, ina saolta féin agus feasacht ar thionchar na fógraíochta a fhorbairt. S, FD, CT<br><br>tuiscint a thaispeáint ar scileanna sábháilteachta digití bunúsacha chun úsáid chuí agus fhreagrach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí ar líne agus as líne a chothromú a aithint. S, FD, CT | feasacht a fhorbairt ar chineál áititheach na meán agus na fógraíochta, agus tosú ar fhoinsí inchreidte faisnéise a shainaithint maidir le folláine. S, FD, CT<br><br>machnamh a dhéanamh ar úsáid phearsanta na teicneolaíochta digití, agus cuid de na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta digití á sainaithint, agus scileanna agus straitéisí sábháilteachta digití a fhorbairt chun tacú le húsáid chuí agus fhreagrach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. S, FD, CT | **OSPS** cuspóir agus cineál áititheach na meán a aithint. S, FD, CT<br><br>samplaí de steiréitíopaí agus de chlaonadh a shainaithint agus breithiúnais a thabhairt maidir lena iontaofa agus lena inchreidte atá foinsí faisnéise. S, FD, CT<br><br>léirthuiscint a léiriú ar an ngá le húsáid shábháilte agus fhreagrach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha mar chuid de stíl mhaireachtála chothromaithe, agus na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha atá acu ar fholláine á gcur san áireamh agus straitéisí a ghlacadh chun tacú le húsáid shábháilte, eiticiúil agus fhreagrach. S, FD, CT | **OSPS** meastóireacht a dhéanamh ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta digití agus machnamh a dhéanamh ar ról agus tionchar na meán agus an chultúir pobail ina saolta. S, FD, CT<br><br>critíc a dhéanamh ar léiriú ar thopaicí sna meáin, agus samplaí de steiréitíopaí agus claonadh á n-aithint agus straitéisí a shainaithint chun inchreidteacht na faisnéise a mheas. S, FD, CT<br><br>straitéisí a ghlacadh chun go gcuirfear chun cinn úsáid shábháilte, eiticiúil agus fhreagrach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, agus freagracht phearsanta agus chomhroinnte á haithint chun timpeallacht dhigiteach atá dearfach, measúil agus níos sábháilte a chothú agus bealaí sábháilte a thuiscint chun iompar nó ábhar míchuí nó díobhálach a thuairisciú. S, FD, CT |

**Na príomhinniúlachtaí:**

SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Pobal agus muintearas**

<table>
<tr><th>Snáithaonad</th><th>Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha</th><th>Céim 2<br>Rang a haon agus a dó</th><th>Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair</th><th>Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé</th></tr>
<tr><td colspan="5">Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:</td></tr>
<tr><td>Braistint muintearais</td><td colspan="2">ceangail le daoine agus áit a fhiosrú, agus blaiseadh á fháil ar bhraistint muintearais laistigh dá rang, dá scoil agus dá bpobal, agus éagsúlacht á haithint agus á léirthuiscint, agus páirt á glacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus an ról luachmhar atá ag daoine éagsúla á aithint. S, FG, SG</td><td colspan="2">Corpoideachas<br>an ról suntasach is féidir a bheith ag gníomhaíocht choirp i mbraistint muintearais a chothú laistigh dá rang Corpoideachais, dá bpobal scoile agus dá dtimpeallacht a léirthuiscint. S, SG, CT<br><br>tabhairt faoi ghníomhaíochtaí coirp/spóirt óna gcultúir féin agus ó chultúir eile agus cur síos a dhéanamh ar thábhacht gníomhaíochtaí cultúrtha don phobal agus don mhuintearas. S, SG, CT<br><br>Corpoideachas agus OSPS<br>an ról tábhachtach atá ag gach duine chun braistint muintearais a chruthú laistigh dá rang, dá scoil agus dá bpobal a aithint. Éagsúlacht a léirthuiscint agus straitéisí aonair agus comhchoiteanna araon a ghlacadh chun rannchuidiú le timpeallachtaí foghlama dearfacha agus ionchuimsitheacha. S, SG, FG</td></tr>
<tr><td>Teaghlach</td><td>a ról agus a n-ionchur laistigh dá n-aonad teaghlaigh a aithint agus conas is féidir le baill teaghlaigh cúram agus tacaíocht a thaispeáint dá chéile a chur in iúl. S, FG, SG</td><td>léirthuiscint a léiriú ar uathúlacht a n-aonaid teaghlaigh féin agus bealaí ar féidir le teaghlaigh oibriú le chéile chun ceangail a neartú agus a mbealach a dhéanamh trí athrú a mheas. S, FG, SG</td><td>OSPS<br>na bealaí ar féidir le teaghlaigh rannchuidiú le luachanna pearsanta, cinntí agus braistint féiniúlachta a aithint. S, FG, SG<br><br>feasacht a léiriú ar na tionchair éagsúla ar féidir leo dul i bhfeidhm ar theaghlaigh, amhail athrú, caillteanas, méala, tinneas, agus steiréitíopaí. S, FG, SG</td><td>OSPS<br>feasacht a léiriú ar conas is féidir tionchar a bheith ag noirm shóisialta agus chultúrtha ar shaol an teaghlaigh agus conas a tháinig athrú orthu sin le himeacht aimsire agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar léiriú na meán ar theaghlaigh agus saol an teaghlaigh. S, FG, SG<br><br>plé a dhéanamh ar shaintréithe caidreamh teaghlaigh sláintiúil, agus róil agus freagrachtaí a bhíonn ag síorathrú de réir mar a fhásann siad á n-aithint, agus bealaí a mholadh chun ceangail teaghlaigh a neartú. S, FG, SG</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">feasacht ar chineálacha éagsúla struchtúr teaghlaigh a thaispeáint, amhail teaghlaigh atá stiúrtha ag máthair agus athair, teaghlaigh chomhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh tuismitheora comhghnéis, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh chumaisc, teaghlaigh shínte, teaghlaigh altrama agus leasteaghlaigh. S, FG, SG</td><td colspan="2">OSPS<br>tuiscint a fháil air go bhfuil teaghlaigh struchtúrtha ar bhealaí éagsúla, amhail teaghlaigh atá stiúrtha ag máthair agus athair, teaghlaigh chomhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh tuismitheora comhghnéis, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh chumaisc, teaghlaigh shínte, teaghlaigh altrama agus leasteaghlaigh. S, FG, SG</td></tr>
</table>

**Na príomhinniúlachtaí:**

SG = A bheith i do shaoránach gníomhach  FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach  CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach  FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach  M = A bheith matamaiticiúil  S = A bheith slán

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Pobal agus muintearas**

| **Snáithaonad** | **Céim 1**<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2**<br>Rang a haon agus a dó | **Céim 3**<br>Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4**<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | | |
| **Cearta agus cothroime** | tosú ar thuiscint ar chearta, cothromas, comhionannas agus cothrom na féinne a fhorbairt, agus samplaí á sainaithint ina saolta, agus tosú ar chothroime a thaispeáint in idirghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí. S, SG, FG | plé a dhéanamh ar an tábhacht atá le cearta, cothromas, comhionannas agus cothrom na féinne, agus samplaí óna saolta agus/nó ón bpobal níos leithne a fhiosrú, agus cothroime in idirghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí á dtaispeáint. S, SG, FG | **Corpoideachas**<br>príomhghnéithe de chothrom na féinne a chleachtadh agus an tábhacht atá leis do rannpháirtíocht, rialacha agus béasaíocht i ngníomhaíochtaí coirp agus/nó spórt a aithint. S, SG, FG<br><br>**OSPS**<br>cur síos a dhéanamh ar an tábhacht atá le cearta, cothroime, cothromas agus comhionannas. S, SG, FG<br><br>samplaí de steiréitíopaí (lena n-áirítear steiréitíopaí inscne), éagothroime agus leithcheal a aithint, agus freagraí cuí a fhiosrú chun seasamh ar do shon féin agus ar son daoine eile. S, SG, FG | **Corpoideachas**<br>príomhghnéithe de chothrom na féinne a chorprú agus léirthuiscint a léiriú ar an tábhacht atá leis do rannpháirtíocht, rialacha agus béasaíocht i ngníomhaíochtaí coirp agus/nó spóirt. S, SG, FG<br><br>**OSPS**<br>léirthuiscint a léiriú ar an tábhacht atá le cearta, cothromas, comhionannas agus ceartas, agus plé a dhéanamh ar na forais faoina bhfuil cosc ar leithcheal in Éirinn. S, SG, FG<br><br>scrúdú a dhéanamh ar thionchar féideartha steiréitíopaí (lena n-áirítear steiréitíopaí inscne), fiosrú a dhéanamh ar conas is féidir le daoine nó eagraíochtaí cearta daonna a chur chun cinn, agus freagraí agus gníomhartha cuí a mholadh chun dúshlán a thabhairt d'éagothroime agus leithcheal. S, SG, FG |

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | |
|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán |

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Pobal agus muintearas**

| Snáithaonad | Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2<br>Rang a haon agus a dó | Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair | Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | | |
| **Saoránacht** | fiosrú agus plé a dhéanamh ar conas a chabhraíonn daoine leo sa bhaile, ar scoil agus sa phobal, agus tosú ar fhreagracht a ghlacadh as tascanna a bhfuil cur amach acu orthu sa bhaile agus ar scoil. S, SG, FG | léirthuiscint a léiriú ar bhealaí difriúla a chabhraíonn daoine leo sa bhaile, ar scoil agus sa phobal. S, SG, FG<br><br>bealaí a shainaithint, ar bhonn aonair agus/nó le chéile, chun freagracht a ghlacadh agus rannchuidiú lena rang, lena scoil agus lena bpobal. S, SG, FG | **Corpoideachas**<br>cur síos a dhéanamh ar réimse ról, iad a chleachtadh agus, le tacaíocht, freagracht a ghlacadh astu, ar róil iad lena rannchuidítear le comhcheangal foirne agus gníomhaíocht choirp daoine eile amhail cóitseálaí, captaen, réiteoir, cóiréagrafaí. S, SG, FG<br><br>**OSPS**<br>páirt a ghlacadh i gcleachtais dhaonlathacha agus meas á léiriú ar pheirspictíochtaí difriúla, agus léirthuiscint á léiriú ar bhealaí inar féidir le daoine aonair agus grúpaí freagracht a ghlacadh agus rannchuidiú le pobal dearfach, ionchuimsitheach agus cóir. S, SG, FG | **Corpoideachas**<br>freagracht a ghlacadh as réimse ról lena rannchuidítear le comhcheangal foirne agus gníomhaíocht choirp daoine eile amhail cóitseálaí, captaen, réiteoir, cóiréagrafaí. S, SG, FG<br><br>**OSPS**<br>tabhairt faoi chleachtais dhaonlathacha go gníomhach, agus a mbealach a dhéanamh trí thuairimí éagsúla go measúil agus gníomhartha a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna/ábhair imní áitiúla nó níos leithne chun folláine choiteann a chur chun cinn. S, SG, FG |


**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán



# 6. Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm

Cuirtear beocht sa churaclam tríd an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú, agus teitear níos faide anonn ná an leathanach clóite chun páistí a mhealladh, a spreagadh agus a chumasú ina gcuid foghlama. Is éard atá mar bhonn taca faoi shonraíocht na *Folláine* an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí agus na ráitis maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú i g*Creatchuraclam na Bunscoile*.

Tá sé de cheart ag an uile pháiste a bheith faoi bhláth agus faoi rath i dtimpeallacht foghlama thacúil tharraingteach. Tá an caidreamh idir páiste agus múinteoir lárnach chun an méid sin a chumasú. Tá an páiste i gcroílár an phróisis foghlama agus, mar sin, tá tuiscint ar a gcuid réamhfhoghlama, ábhar spéise, eispéireas agus eolais ríthábhachtach chun eispéiris foghlama atá ionchuimsitheach agus dúshlánach mar is cuí a chruthú. Cuirtear feabhas ar an bhfoghlaim i sonraíocht na *Folláine* ach fócas na foghlama nua a shainaithint go soiléir, bealaí a aithint ina bhféadfaidh páistí a gcuid eolais agus tuisceana a léiriú agus éagsúlacht d'eispéiris foghlama a dhearadh ag tarraingt ar réimse cuir chuige oideolaíochta.




**Fíor 5:** Curaclam na *Follaine* i bhfeidhm

Sa chuid eile den chaibidil seo, leagtar amach na príomhghnéithe d'fhoghlaim na bpáistí i sonraíocht na *Folláine*, na cuir chuige oideolaíochta a thacaíonn agus a chuireann léi, agus tugtar treoir maidir le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus dul chun cinn na bpáistí.

## 6a. Foghlaim i sonraíocht na *Folláine*

### Gnéithe

Agus eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha á gcur ar fáil, tá sé riachtanach deiseanna a thabhairt do pháistí chun dul i ngleic leis na gnéithe de shonraíocht na *Folláine*.

| Gné | Samplaí laistigh de shonraíocht na *Folláine* |
|---|---|
| **Cumarsáid** | • Machnaimh, smaointe, mothúcháin agus braistintí a chur in iúl trí chineálacha éagsúla cumarsáide, amhail gluaiseacht, comharthaíocht choirp, gothaí agus cumas labhartha<br>• Comhoibriú agus comhar a dhéanamh go héifeachtach le linn gníomhaíochtaí oibre foirne<br>• Smaointe a chur in iúl go soiléir chun tacú le cinnteoireacht chomhoibríoch agus spriocanna a leagan síos<br>• Aiseolas cuiditheach a chur ar fáil agus a fháil ar ghníomhaíochtaí aonair agus grúpa, agus scileanna cumarsáide éifeachtacha á bhforbairt<br>• Rannchuidiú le plé i ngrúpaí, léiriú measúil agus léirthuiscint ar pheirspictíochtaí difriúla a spreagadh agus éisteacht ghníomhach a thaispeáint<br>• Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rólimeartha chun cumarsáid a chleachtadh i gcásanna sóisialta éagsúla |
| **Fiosrú agus cur i bhfeidhm** | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí idirghníomhacha, praiticiúla agus eispéireasacha<br>• Scileanna, coincheapa agus teaictící gluaiseachta a fhiosrú roimh aon teagasc follasach riachtanach<br>• Cuimhneamh ar conas a chuirtear eolas agus scileanna ón suíomh scoile i bhfeidhm maidir le heispéiris saoil lasmuigh den scoil<br>• Cásanna éagsúla a fhiosrú chun bealach a dhéanamh trí thopaicí agus dúshláin chasta, agus inoiriúnaitheacht, cruthaitheacht agus scileanna réitigh fadhbanna á gcothú<br>• Eolas agus scileanna a fhorbairt lena gcumasaítear cinnteoireacht shábháilte agus eolasach a bhaineann le folláine<br>• Glacadh le dúshláin agus rioscaí sláintiúla a ghlacadh chun muinín agus teacht aniar a chothú |
| **Gluaiseacht** | • Foghlaim i ngluaiseacht, tríthi agus fúithi<br>• Réimse leathan gluaiseachtaí a fhiosrú agus a chleachtadh<br>• Gluaiseachtaí a oiriúnú ionas go n-éireodh le gach duine aonair blaiseadh a fháil ar an rath<br>• Blaiseadh de ghluaiseacht i réimse leathan gníomhaíochtaí agus comhthéacsanna<br>• Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gluaiseachta caidreamhacha agus comhoibríocha<br>• Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí iomaíocha atá oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de<br>• Blaiseadh de dheiseanna gluaiseachta aonair, beirte agus grúpa<br>• Scileanna agus luachanna sóisialta a fhorbairt trí ghluaiseacht<br>• Deiseanna gluaiseachta sa phobal a shainaithint agus leas a bhaint astu<br>• Sult a bhaint as an ngluaiseacht |



| Gné | Samplaí laistigh de shonraíocht na *Folláine* |
|---|---|
| **Machnamh agus tuiscint** | • A gcuid céadfaí, mothúchán agus braistintí a mheas roimh ghluaiseacht, lena linn agus ina diaidh<br>• Machnamh a dhéanamh ar eispéiris, roghanna agus inniúlachtaí maidir le gluaiseacht, chomh maith lena bhféiniúlacht atá ag fás mar dhaoine aonair atá gníomhach go fisiciúil<br>• Sainaithint a thabhairt ar a dtacaíonn leo chun dúshlán a shárú, agus meon d'fheabhsú leanúnach a chothú<br>• Blaiseadh de ghníomhaíochtaí agus dúshláin a bhfuil smaointeoireacht straitéiseach, teaictící agus tuiscint ar rialacha ag teastáil uathu<br>• Punanna a fhorbairt chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, agus dul chun cinn agus spriocanna pearsanta á dtabhairt faoi deara<br>• Tabhairt faoi phlé chun a gcuid eispéireas, dúshlán agus ratha a chomhroinnt<br>• Páirt a ghlacadh i dtascanna piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe chun féinfheasacht a fhorbairt<br>• 'Am Ciúin' a úsáid le haghaidh machnamh dírithe, rud a thugann deis dóibh a gcuid smaointe agus mothúchán a phróiseáil i dtimpeallacht shuaimhneach, gan seachrán |



## Ag tacú le foghlaim páistí i sonraíocht na *Folláine*

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna acu atá le cothú. Is iad na Torthaí Foghlama a chuireann an deis ar fáil do na páistí uile le foghlaim trí roinnt conairí a thacaíonn le heispéiris foghlama shaincheaptha agus ionchuimsitheacha. Tá tábhacht ar leith leis sin do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.[2]

Le Conairí Tacaíochta Breise tugtar breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh páistí dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine* nó dul chun cinn ina dtreo a léiriú. Agus úsáid á baint ag múinteoirí as na conairí, is féidir leo an t-eispéireas foghlama a mheas ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí. Le linn do pháistí a bheith ag foghlaim, is féidir leo blaiseadh de, aird a thabhairt air, freagairt dó, tús a chur leis, sealbhú, ag éirí líofa agus ginearálú.

Cé go liostaítear na conairí ar bhonn seicheamhach, is den tábhacht a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh páistí ag gabháil do gach conair ag amanna difriúla nó ag an am céanna, ag brath ar a riachtanais éagsúla foghlama.

Sa tábla seo a leanas, déantar cur síos ar sheacht gconair a fhéadfaidh a bheith úsáideach do mhúinteoirí lena meas agus iad ag ullmhú deiseanna cothroma agus á gcur ar fáil le go bhféadfaidh na páistí dul i ngleic leo agus dul chun cinn a léiriú ina gcuid foghlama i sonraíocht na *Folláine*. I gcás gach conaire, cuirtear sampla ar fáil. Mar sin féin, is léiritheach atá na samplaí agus níl iontu ach ceann amháin den iliomad bealaí a bhféadfadh páistí dul i ngleic lena chuid foghlama agus í a léiriú.

[2] Tá forbairt ag teacht ar an teanga a úsáidtear chun cur síos ar riachtanais oideachais agus míchumas. Ar mhaithe le soiléireacht agus le bheith ar aon dul le beartas agus reachtaíocht reatha, úsáidtear an téarma 'riachtanais speisialta oideachais' anseo.

**Tábla 7:** Samplaí de na Conairí Tacaíochta Breise i sonraíocht na *Folláine*

| Conair thacaíochta bhreise | | Sampla i sonraíocht na *Folláine* |
|---|---|---|
| Blaiseadh de | Bíonn an páiste i láthair le linn gníomhaíocht foghlama. Nochtar iad don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn siad feasach uirthi. Bíonn siad ag dul i dtaithí ar ghnéithe den timpeallacht foghlama, mar shampla, rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile. | Faigheann an páiste blaiseadh ar ghníomhaíocht pharaisiúit, agus déanann siad breathnóireacht ar ghluaiseacht agus fuaim an pharaisiúit atá á chroitheadh le liathróidí ar chruthanna, uigeacht agus dathanna difriúla. Le tacaíocht fhisiciúil mar is gá, tá tuilleadh eispéiris chéadfacha ag an bpáiste trí bheith gar don pharaisiúit nó trí bhreith air mar a chruthaítear gaoth. |
| Aird a thabhairt air | Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá siad tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. | Éiríonn an páiste aireach ar na daoine difriúla a chuidíonn leo ar scoil. Comhroinntear agus breathnaítear ar phictiúir de dhaoine a bhfuil aithne acu orthu. Tá athruithe ar an aird le sonrú ag léiriú go n-aithníonn siad daoine difriúla agus a róil. |
| Freagairt dó | Taispeánann an páiste go bhfuil siad in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn siad ag cur in iúl céard is maith leo, céard nach maith leo nó céard is fearr leo. Freagraíonn siad go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. | Freagraíonn an páiste d'eispéiris i ngníomhaíochtaí scoile trí mhothúcháin agus braistintí a léiriú ar bhealaí éagsúla amhail cláir thobsmaointe *emoji*, gothaí gnúise, damhsa nó guthaíocht. |
| Tús a chur leis | Bíonn an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn siad, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. | Téann an páiste i dtreo piara go neamhspleách agus tairgeann siad bréagán dóibh mar chuireadh chun bheith ag spraoi, agus spéis agus toilteanas á léiriú chun bheith ag plé lena bpiaraí go sóisialta. |
| Sealbhú | Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, scil nó coincheap á fhoghlaim acu. Fiosraíonn siad an fhoghlaim agus glacann siad páirt inti. | Coigeartaíonn an páiste a úsáideann cathaoir rothaí leictreach, le tacaíocht mar is cuí, uillinn nó treo rampa liathróide atá á úsáid le linn páirt a ghlacadh i gcluichí sprice, agus tuiscint ar theaictící agus straitéis ghníomhaíochta á taispeáint. |
| Ag éirí líofa | Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí acu orthu. Taispeánann siad go neamhspleách agus go seasmhach go bhfuil siad in ann cuimhneamh ar an eolas, ar an scil nó ar an gcoincheap a foghlaimíodh. | Úsáideann an páiste an tuiscint atá acu ar idirghníomhaíochtaí measúla, cairdeas agus obair foirne chun oibriú go héifeachtach mar dhuine de bheirt agus laistigh de ghrúpa chun tionscadail OSPS a chur i gcrích agus seichimh ghluaiseachta a chruthú i ngníomhaíochtaí Corpoideachais. |
| Ginearálú | Aistríonn an páiste eolas, scileanna nó coincheapa a d'fhoghlaim siad chuig comhthéacsanna a bhfuil agus nach bhfuil cur amach acu orthu, agus cuireann siad i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. | Cuireann an páiste rialacha agus cleachtais sábháilteachta chuí a d'fhoghlaim siad i bhfeidhm agus leanann siad iad (m.sh., sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht uisce) ar thuras ranga chuig suíomh nach bhfuil cur amach acu air. |







## 6b. Teagasc i sonraíocht na *Folláine*

Tá 'conas' a fhoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna le 'céard' a fhoghlaimíonn siad i sonraíocht na *Folláine*. Agus í ailínithe le prionsabail *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus na seacht bpríomhinniúlacht á léiriú, tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar chineálacha cur chuige oideolaíochta atá bunriachtanach chun eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha a sholáthar do na páistí uile. Nuair a ghlactar le chéile iad, leagtar béim leo ar a thábhachtaí atá sé teagasc a chur in oiriúint do na comhthéacsanna foghlama uathúla i seomraí ranga agus scoileanna. Le teagasc ardcháilíochta cuirtear luach leis na cúlraí, leis na cumais, leis na hábhair spéise, leis na láidreachtaí agus leis na riachtanais éagsúla a thugann páistí isteach sa seomra ranga leo. Is é is aidhm dó timpeallacht ionchuimsitheach, chultúrfhreagrach agus tharraingteach a chothú ina mothaíonn gach páiste go bhfuil siad sábháilte, go bhfeictear iad agus go bhfuil luach leo. Bíonn caidrimh dhearfacha idir páistí agus múinteoirí bunriachtanach, ina n-éistear le guthanna páistí agus ina ndéantar beart de réir briathair ina leith, rud a chothaíonn braistint úinéireachta ina gcuid foghlama. Ach ionchais arda a choinneáil do gach páiste agus eispéiris foghlama atá dúshlánach mar is cuí a chur ar fáil dóibh, is féidir le múinteoirí muinín a spreagadh agus a chur ar chumas gach páiste a lánchumas a bhaint amach.

Tá na cineálacha cur chuige oideolaíochta seo a leanas riachtanach le heispéiris fhiúntacha foghlama a sholáthar i sonraíocht na *Folláine*.




**Fíor 6:** Teagasc i sonraíocht na *Folláine*





## Oideolaíocht idirphlé

Foghlaimíonn páistí trí idirphlé agus idirghníomhú. Is éard is oideolaíocht idirphlé ann ná cur chuige comhoibríoch ina dtugann páistí agus múinteoirí aghaidh ar an bhfoghlaim le chéile, ag cur smaointe agus smaointeoireacht in iúl agus á bhforbairt. Baineann sí le gach cineál cumarsáide idir páistí agus/nó idir an páiste agus an múinteoir, rud a chothaíonn timpeallacht ionchuimsitheach ina n-éistear le guth gach páiste agus ina gcuirtear luach leis. Leis an idirphlé cómhalartach sin spreagtar fiosrú ar smaointe casta, smaointeoireacht chriticiúil agus cinnteoireacht eolasach, rud a chothaíonn cumas gníomhúcháin.

Agus oideolaíocht idirphlé á húsáid, ní mór go mbeadh fócas na foghlama soiléir chun an t-idirphlé a threorú. Tógann smaointe páistí ar a chéile, rud a chruthaíonn tuiscintí nua. Sa seomra ranga, mothaíonn páistí go bhfuil sé de chumhacht acu ionchur a bheith acu ina gcuid foghlama. Le cothromaíocht idir idirphlé faoi threoir an mhúinteora agus faoi stiúir an pháiste, cumasaítear rannpháirteachas domhain, arna éascú ag ceisteanna éifeachtacha, éisteacht ghníomhach agus freagraí a bhfuil cuspóir leo.

I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí oideolaíocht idirphlé a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- gníomhaíochtaí ciorcail a úsáid chun caidrimh a chothú, braistint muintearais a chruthú agus spás sábháilte a chur ar fáil do pháistí chun a gcuid machnamh agus smaointe a chur in iúl
- lionsa ficseanúil a úsáid, amhail leabhair nó íomhánna, mar spreagthach chun scileanna a fhorbairt agus topaicí teibí, casta nó íogaire a fhiosrú, agus spás á chur ar fáil do pháistí chun a gcuid smaointe a chur in iúl agus peirspictíochtaí difriúla a mheas
- plé measúil a éascú agus úsáid á baint as ráitis neamhiata, díospóireachtaí siúil nó línte cainte comhthreomhara, rud a spreagann páistí chun bheith ag plé le tuairimí iomadúla
- tacú le páistí chun plé a dhéanamh ar theaictící agus straitéisí agus conas is féidir leo gluaiseachtaí a choigeartú chun bheith rathúil i ngníomhaíochtaí Corpoideachais.




## Teagasc follasach


Le teagasc follasach cuirtear ar chumas an mhúinteora eolas, scileanna, coincheapa agus teanga nua a roinnt go soiléir le linn dóibh meonta dearfacha a eiseamláiriú ar bhealach struchtúrtha. Ba cheart céimeanna forbartha na bpáistí, a gcuid réamhfhoghlama, a gcumais agus a riachtanais a mheas leis an gcineál teagaisc seo. Trí theagasc follasach, taispeánann múinteoirí tascanna nó coincheapa ach a gcuid smaointeoireachta féin a eiseamláiriú agus a scafláil go cúramach, rud a fhágann go mbeidh an próiseas foghlama trédhearcach. Tacaítear le tuiscint na bpáistí le mínithe, samplaí agus léirithe soiléire. Le leibhéil arda d'idirghníomhú idir an múinteoir agus an páiste, cothaítear rannpháirteachas, agus le ceisteanna spreagtar na páistí le cur lena gcuid foghlama ach spéis a bheith acu inti, iad a bheith ceangailte léi agus spreagtha ina leith ag an am céanna.

Bíonn cleachtadh treoraithe agus neamhspleách ríthábhachtach. I dtosach báire, bíonn na páistí ag cleachtadh le tacaíocht agus aiseolas ón múinteoir, ansin aistríonn siad chuig gníomhaíochtaí neamhspleácha de réir a chéile chun a gcuid foghlama a neartú. Cinntíonn an múinteoir go mbíonn idirghníomhú agus rannpháirteachas fiúntach ann don uile pháiste.

Le haiseolas forbartha a thugtar in am trátha, tugtar aghaidh ar ábhair mhíthuisceana agus atreisítear réamhfhoghlaim na bpáistí, á dtreorú i dtreo foghlaim nua. Leis an gcur chuige sin, cothaítear muinín agus inniúlacht, rud a chinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoghlaim.

I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí teagasc follasach a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- úsáid a bhaint as ceisteanna agus tascanna beirte agus grúpa chun réamhfhoghlaim agus eispéiris páistí a spreagadh agus cur leo mar bhunchloch le haghaidh foghlaim nua
- foghlaim nua a sheicheamhú ar bhealach incriminteach agus ábhar nua a léiriú agus úsáid á baint as léirithe, eiseamláiriú agus leideanna físiúla agus briathartha, mar is cuí
- faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de agus atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil faoi fhorbairt an duine
- áiseanna amhairc, póstaeir, rólimirt agus físeáin a úsáid chun rialacha, treoirlínte agus nósanna imeachta sábháilteachta a léiriú agus a chleachtadh.




## Comhtháthú

Le comhtháthú léirítear cineál idircheangailte an domhain ina maireann páistí gach lá. Cuireann sé deiseanna ar fáil chun ceangail a dhéanamh laistigh de réimsí curaclaim agus ar a bhfud. Ach dul i gcomhar le páistí chun bealaí a shainaithint lena gcuid foghlama a cheangal lena saol, cothaítear ábharthacht agus tacaítear le tuiscint níos doimhne.


Le comhtháthú baintear na teorainneacha curaclaim traidisiúnta a bhíodh ann, rud a chruthaíonn eispéiris chomhtháite foghlama. Mar shampla, le Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), déantar eolas ar an ábhar agus sealbhú teanga a thabhairt le chéile i gcomhthéacsanna fiúntacha fíorshaoil.

Ba cheart do mhúinteoirí comhtháthú a fhréamhú laistigh den churaclam ar bhealach diongbháilte trí bhíthin na bpríomhinniúlachtaí agus na dTorthaí Foghlama, ag leagan béim ar thuiscint níos doimhne, nuálaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirteachas. Féadfaidh ábhair spéise na bpáistí, téamaí trasghearrtha, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna ón bhfíorshaol a bheith ina dtúsphointí éifeachtacha.

Le comhtháthú fiosraítear topaicí ó pheirspictíochtaí iomadúla, agus déantar breithniú ar an gcaoi a chuireann príomhinniúlachtaí le tuiscint agus léirthuiscint iomlánaíoch. Déantar machnamh freisin ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn agus a ndoimhníonn comhtháthú na hinniúlachtaí sin.

I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí comhtháthú a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- straitéisí rialála mothúchánaí a chleachtadh chun déileáil le bheith ag buachan/ag cailleadh i ngníomhaíochtaí an tseomra ranga agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs gluaiseachta
- úsáid a bhaint as eispéiris a bhaineann le spriocanna a leagan síos i gcomhthéacs gluaiseachta mar spreagthach chun plé a dhéanamh i gcomhthéacs an tseomra ranga faoi spriocanna meántéarmacha a leagan síos lena n-éilítear iarracht mharthanach
- gníomhaíochtaí treodóireachta a phleanáil taobh amuigh lena bhforbraítear inniúlacht gluaiseachta, scileanna idirphearsanta agus scileanna tíreolaíocha (amhail mapáil, léirmhíniú físiúil agus cumarsáid)
- aonad oibre a fhorbairt lena bhfiosraítear bia ar fud na snáitheanna i sonraíocht na *Folláine* agus nascadh le foghlaim i réimsí eile den churaclam, amhail bia agus fuinneamh (*Oideachas ETI*) agus cleachtais chultúrtha a bhaineann le bia (*OSI*).




## Súgradh agus oideolaíocht spraíúil

Is luachmhar a bhíonn súgradh i gcaitheamh na hóige, agus bíonn idir cheart chun súgradh ag páistí agus fhonn súgartha ar pháistí. Bíonn súgradh agus oideolaíochtaí spraíúla oiriúnach do gach céim i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Cuimsíonn súgradh speictream ó shúgradh faoi stiúir an pháiste go gníomhaíochtaí spraíúla faoi stiúir an mhúinteora agus súgradh comhroinnte ina mbíonn múinteoirí agus páistí páirteach le chéile agus ina bhforbraíonn siad an súgradh in éindí. Is ann do dheiseanna foghlama nua a bhuí leis an gcur chuige solúbtha seo.

Le súgradh cothaítear foghlaim ghníomhach fhiúntach agus ceanglaítear faisnéis nua le heolas atá ag na páistí cheana féin. Tacaíonn sé le forbairt iomlánaíoch, lena n-áirítear fás fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, cognaíoch agus spioradálta, agus cothaíonn sé scileanna amhail réiteach fadhbanna, cruthaitheacht agus idirghníomhú sóisialta. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama spraíúla ar aon dul le Torthaí Foghlama an churaclaim, agus le cumais, ábhair spéise, láidreachtaí agus riachtanais na bpáistí.

Le timpeallacht spraíúil, taobh istigh agus amuigh faoin aer, feabhsaítear an fhoghlaim ach a bheith idirghníomhach, tarraingteach, ionchuimsitheach agus tacúil, agus spreagtar fiosrú, féinléiriú, rogha agus foghlaim ó bhotúin.

I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí súgradh agus oideolaíocht spraíúil a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- súgradh sochdhrámaíochta agus teicnící drámaíochta a ionchorprú, amhail rólimirt, caolsráid coinsiasa, frámaí reoite agus puipéadóireacht
- eispéiris foghlama spraíúla agus ghníomhacha a cheapadh i dtimpeallachtaí foghlama taobh istigh agus taobh amuigh lena gcothaítear cruthaitheacht agus fiosracht, amhail pluaiseanna a thógáil, dúshláin foirne agus siúlóidí eachtraíochta
- insintí agus scéalta a úsáid mar spreagthach d'eispéiris ghluaiseachta shamhlaíocha agus chun peirspictíochtaí difriúla a fhiosrú
- tús áite a thabhairt d'eispéiris spraíúla sa Chorpoideachas, agus cur chuige cothrom i leith comórtais á choinneáil lena gcuirtear luach le rath lastall de bheith ag buachan, lena n-áirítear feabhsú, foghlaim, iarracht agus spraoi.


## Comharfhoghlaim agus foghlaim chomhoibríoch

Is éard atá i gceist le foghlaim chomhoibríoch go mbíonn beirt pháistí nó níos mó ag obair le chéile ar sprioc foghlama chomhroinnte. Tá cuir chuige chomharfhoghlama ina dtaca le rannpháirtíocht ghníomhach, úinéireacht agus rannpháirteachas na bpáistí uile ina gcuid foghlama. Tríd an gcur chuige comhoibríoch seo, forbraíonn páistí scileanna idirphearsanta luachmhara, chomh maith le foghlaim chognaíoch agus fhisiciúil a fheabhsú ar an topaic atá á chlúdach. Trí oideolaíochtaí lena dtacaítear leis an gcomharfhoghlaim, feabhsaítear cumas páistí i réimsí amhail obair foirne, cumarsáid agus cothrom na féinne. Go bunúsach, foghlaimíonn páistí conas oibriú go maith le chéile, cabhrú le chéile chun foghlaim, machnamh a dhéanamh le chéile, léirthuiscint a léiriú ar pheirspictíochtaí daoine eile agus freagracht a ghlacadh as a n-ionchur aonair féin le grúpaí.

Is oideolaíocht uileghabhálach í an chomharfhoghlaim a chuimsíonn cineálacha cur chuige foghlama comhoibríocha freisin. I bhfoghlaim chomhoibríoch, déanann an múinteoir scafláil go hintinneach ar idirghníomhaíochtaí dearfacha idir páistí, trí úsáid a bhaint as cluichí comhoibritheacha nó cuir chuige shonracha foghlama comhoibríche a úsáid. Laistigh de na cuir chuige chomhoibritheacha seo, is minic a bhíonn róil ainmnithe ag na páistí agus bíonn straitéis shonrach ag an múinteoir chun idirghníomhaíochtaí a eagrú agus chun tacú leo idir páistí. Trí phlé le linn agus tar éis eispéiris chomhoibritheacha, cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí chun machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama, rath a phlé agus gníomhaíochtaí amach anseo a phleanáil.

### I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí an chomharfhoghlaim agus foghlaim chomhoibríoch a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- forbairt a dhéanamh ar scileanna sóisialta a éilítear don chomharfhoghlaim
- meas agus ionbhá a eiseamláiriú
- páistí a chumhachtú le bheith ag obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí maidir le dúshláin ghluaiseachta (amhail seichimh a chruthú nó físeáin a úsáid le haghaidh piarmheasúnú)
- tacú le páistí chun cabhrú le chéile agus spreagadh a thabhairt dá chéile
- deiseanna struchtúrtha a chur ar fáil do pháistí chun machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn grúpa agus aonair
- cuir chuige agus cluichí foghlama comhoibritheacha sonracha a úsáid
- deiseanna a éascú do pháistí a nguth a chur in iúl trí ghníomhaíochtaí cinnteoireachta comhoibritheacha
- a chinntiú go n-aithneoidh gach páiste tábhacht a n-ionchuir agus go mbeidh siad freagrach ina n-aonar as a n-ionchur le grúpaí.




## Foghlaim fhionnachtanach

Baineann foghlaim fhionnachtanach le scafláil a dhéanamh ar pháistí chun úinéireacht a ghlacadh as foghlaim nua a nochtadh trí fhiosrú, plé agus réiteach fadhbanna. Chuige sin, éilítear ar an múinteoir ullmhúchán agus éascú a dhéanamh go cúramach, agus páistí á dtreorú go seicheamhach i dtreo foghlaim nua trí cheisteanna d'aon ghnó, oiriúnuithe de réir a chéile, aiseolas agus srianta pleanáilte. I gcás ina mbeidh deacracht ag páistí, is féidir leideanna agus taispeántais bhriathartha nó fhisiúla a úsáid ar bhonn teoranta chun tuilleadh scafaill agus treorach a thabhairt. Is féidir páistí a spreagadh chun na leideanna sin a oiriúnú ar bhonn aonair chun tacú lena bhforbairt féin, mar is cuí.

Laistigh d'fhoghlaim fionnachtana, aithnítear gur féidir níos mó ná freagra nó cur chuige ceart amháin a bheith ann agus gur cheart réitigh iomadúla a spreagadh agus go ndéanfaí na páistí forbairt orthu. Tríd sin cuimsítear uathúlacht páistí agus tugtar deis dóibh foghlaim nua a oiriúnú de réir mar a oireann dá gcumas aonair, don tasc atá á dhéanamh, agus don timpeallacht nó don chomhthéacs ina dtarlaíonn sí. Tá foghlaim fhionnachtanach ina spreagadh do pháistí chun úrmhaireacht a fhorbairt sa smaointeoireacht trí bhéim a chur ar dhéanamh céille ina dtimpeallacht féin. Tugtar deis dóibh léi a bheith cruthaitheach, athléimneach agus solúbtha maidir leis an eolas agus na scileanna atá á bhfoghlaim acu a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla. A bhuí leis an bhfoghlaim sin, is féidir gnóthachtáil, inspreagadh, cumas gníomhúcháin agus sásamh i bhfoghlaim a fheabhsú.

### I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí foghlaim fhionnachtanach a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- tús áite a thabhairt d'fhiosrú seachas míniú
- béim a chur air do pháistí gur minic is féidir níos mó ná freagra nó réiteach optamach amháin a bheith ann
- scileanna a fhorbairt agus a bheith ag foghlaim i dtimpeallachtaí agus comhthéacsanna barántúla
- tascanna dúshlánacha a shimpliú (agus a sláine a choinneáil san am céanna), seachas réitigh fhéideartha a chomhroinnt láithreach
- srianta tascanna a mhionathrú, amhail rialacha, spás, tascanna, an timpeallacht, trealamh nó daoine, chun fionnachtain a threorú agus le tacú léi
- cásanna a úsáid chun cinnteoireacht a fhiosrú
- tascanna a athrú go rialta chun inathraitheacht a chur chun cinn agus páistí a spreagadh le cuir chuige nua a thriail
- cuir chuige Cluichebhunaithe a úsáid lena dtugtar tús áite do cheisteanna, plé agus réiteach fadhbanna i ngníomhaíochtaí Corpoideachais.



## Oideolaíocht chaidreamhach


Is éard atá i gceist le hoideolaíocht chaidreamhach cur chuige lena gcuirtear béim ar an tábhacht bhunúsach atá le caidrimh dhearfacha don fhoghlaim. Tá cultúr agus timpeallacht dhearfach mar bhonn faoi fhoghlaim, teagasc agus measúnú i sonraíocht na *Folláine* agus tá siad ina dtaca ag páistí chun plé le téamaí is féidir a bheith casta agus íogair. Nuair a chuirtear braistint muintearais chun cinn, is mó seans go mbeidh idirghníomhaíochtaí sóisialta níos fearr ag páistí, go mbeidh siad níos féin-éifeachtúla, go n-éireoidh leo agus go mbainfidh siad taitneamh as an scoil.

Tá timpeallacht dhearfach agus ceangail idirphearsanta láidre mar chuid ríthábhachtach d'iompar bulaíochta a chosc go héifeachtach agus d'aghaidh a thabhairt air go héifeachtach. I gcás ina gcaitear go measúil, go cothrom agus go cóir le páistí agus ina bhfaigheann siad blaiseadh ar mheas a léiriú ar éagsúlacht, is mó seans go gcaithfidh siad le daoine eile ar an mbealach céanna. Trí oideolaíocht chaidreamhach, aithnítear freisin an tábhacht shuntasach a bhaineann le duine fásta iontaofa le haghaidh sábháilteacht agus folláine páistí.

Trí chur chuige caidreamhach tugtar tús áite do chaidrimh dhearfacha a chothú go hintinneach, lena n-áirítear idir an múinteoir agus an páiste, i measc piaraí, agus trí chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí. Taispeánann múinteoirí eitic de chúram domhain agus tá siad freagrúil, agus iad ag tógáil ar thuiscint eolach, iomlánaíoch agus dinimiciúil ar pháistí. Trí chur chuige caidreamhach, aithnítear an ceart atá ag páistí cinntí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar a saolta. A bhuí leis sin, cumhachtaítear iad chun a nguth a chur in iúl, tabhairt faoi chleachtais dhaonlathacha, a bheith gníomhach agus rud a dhéanamh as a stuaim féin i gcásanna foghlama.

### I sonraíocht na *Folláine*, is féidir le múinteoirí oideolaíocht chaidreamhach a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a bhunú lena dtacaítear le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht fhiúntach, mar shampla, an timpeallacht fhisiciúil a mheas agus acmhainní a roghnú ina n-áirítear éagsúlacht agus atá saor ó chlaonadh
- eispéiris foghlama agus gnáthaimh a fhorbairt chun idirghníomhaíocht shóisialta a chur chun cinn go sonrach agus caidrimh dhearfacha a chothú
- caidrimh mheasúla a eiseamláiriú trí chumarsáid éifeachtach, ionbhá agus teanga ionchuimsitheach agus mheasúil a úsáid
- cuir chuige a eiseamláiriú chun aighneas agus mionchoinbhleachtaí a réiteach, aird a tharraingt ar iarmhairtí nádúrtha agus díriú ar dhíobháil a dheisiú agus caidrimh a athbhunú
- comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a chothú le tuismitheoirí chun foghlaim a fheabhsú
- páistí a éascú le héisteacht a fháil ar bhealach fiúntach, rud a chinntíonn go dtugtar cluas dá nguth agus go ngníomhaítear air go cuí
- teorainneacha soiléire a leagan síos agus comhthuiscint a fhorbairt ar ionchais
- féinmheas páistí a fheabhsú trí bhraistint féiniúlachta, cuspóra, muintearais, slándála agus inniúlachta a chothú.



## 6c. Measúnú i sonraíocht na *Folláine*

Tá an cumas i ngach páiste a bheith ag foghlaim agus faoi bhláth, agus tá measúnú fiúntach lárnach agus an cumas sin á chothú. Mar cheann de na hocht bprionsabal uileghabhálacha de *Chreatchuraclam na Bunscoile*, tuigtear gur próiseas comhoibríoch é an measúnú, lena mbaineann páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus, in amanna, páirtithe leasmhara eile. Is éard atá i gceist leis próiseas leanúnach a bhaineann le faisnéis faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil páiste a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tríd sin, cuirtear deis ar fáil chun léargas a fháil ar dhul chun cinn foghlama páistí, chun machnamh comhoibríoch agus féinmhachnamh a chur chun cinn agus páirt ghníomhach a thabhairt do pháistí sa mheasúnú ar a gcuid foghlama féin, rud atá tábhachtach.

### Measúnú a ailíniú le fócas na foghlama

I gcroílár an oideachais tá turas fáis gach páiste, agus i dtaca leis an turas sin, tá sé bunriachtanach léirithe saibhre dá gcuid foghlama agus dul chun cinn a ghabháil le himeacht aimsire. Go ginearálta, ba cheart baint dhíreach a bheith ag measúnú le fócas na foghlama a bhfuil na páistí ag obair ina threo aon tráth ar leith trí Thorthaí Foghlama shonraíocht na *Folláine*. Is minic a bhaineann measúnú le díriú ar ghnéithe sonracha de Thoradh Foghlama, seachas ar an toradh iomlán, chun léargas níos dírithe a chur ar fáil ar an méid atá ar eolas ag na páistí, ar an tuiscint atá acu, nó ar an méid is féidir leo a dhéanamh i gcaitheamh eispéireas foghlama.

Is féidir le measúnú a bheith ina chuidiú ag múinteoirí agus páistí chun go sainaithneofar láidreachtaí agus réimsí lena n-éilítear tuilleadh tacaíochta nó dúshláin, agus eolas á dhéanamh do choigeartuithe ar straitéisí agus oideolaíochtaí teagaisc. I sonraíocht na *Folláine*, is minic a chuirtear béim ar idirghníomhaíochtaí iomasacha agus pleanáilte le cois imeachtaí measúnaithe. A bhuí le measúnú lena gcuirtear béim ar fheabhsú pearsanta agus dul chun cinn seachas comparáid, is féidir rannpháirteachas páistí a fheabhsú agus eispéiris foghlama amach anseo a threorú freisin. I gcomhthéacs foriomlán shonraíocht na *Folláine*, tá faisnéis mheasúnaithe ina taca le heolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a fhorbairt. Cothaítear cumas páistí léi chun saolta gníomhacha, sláintiúla agus sásúla a chaitheamh chomh maith agus atá ar a gcumas.

### Deiseanna le haghaidh measúnú i sonraíocht na *Folláine*

Tá an curaclam ina thaca le contanam measúnaithe ón 'measúnú iomasach' go dtí 'idirghníomhaíochtaí pleanáilte' agus 'imeachtaí measúnaithe'. Tagann na trí chineál measúnaithe le chéile agus tá siad riachtanach chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil páiste i sonraíocht na *Folláine*.

**Tábla 8:** Cineálacha measúnaithe

| Measúnú iomasach | Idirghníomhaíochtaí pleanáilte | Imeachtaí measúnaithe |
|---|---|---|
| ...tarlaíonn sé go nádúrtha agus ar bhonn leanúnach i rith eispéiris foghlama. Tá sé comhtháite san oideolaíocht, is féidir leis a bheith dofheicthe, ach atá beartaithe ag an múinteoir, agus is cuid an-dáiríre den phróiseas é. | ...bíonn siadsan beagán níos follasaí agus cuimsíonn siad cleachtais mar chomhráite a dhéanamh le páistí, ceistiú a dhéanamh, iarraidh ar pháistí léarscáileanna coincheapa a dhéanamh, agus obair leantach a dhéanamh ar mheasúnuithe iomasacha nó ar imeachtaí measúnaithe. | ...bíonn siadsan difriúil le cineálacha eile measúnaithe ar na bealaí seo: (1) is imeachtaí ar leith iad, (2) bíonn taifead ar thorthaí an mheasúnaithe i gceist leo i gcónaí, nach mór (3) bíonn a fhios ag páistí go bhfuil measúnú á dhéanamh orthu. |

## Faisnéis mheasúnaithe a bhailiú i sonraíocht na *Folláine*

Taispeánfaidh páistí a gcuid foghlama ar roinnt mhaith bealaí agus trí úsáid a bhaint as réimse leathan modhanna, is féidir le múinteoirí faisnéis shaibhir a bhailiú maidir le foghlaim páistí i sonraíocht na *Folláine*. Ach tuiscint shoiléir a fháil ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun léargas a fháil ar dhul chun cinn páistí, tacófar le múinteoirí chun na modhanna is oiriúnaí le húsáid a shainaithint. Thíos tá liosta neamh-uileghabhálach de na modhanna is dóigh a bheidh úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn páistí i sonraíocht na *Folláine* de réir mar a fhoghlaimíonn siad trí na gnéithe a bhaineann le bheith i mbun Cumarsáid, Fiosrú agus cur i bhfeidhm, Gluaiseacht agus Machnamh agus tuiscint.

### Comhdhálú

Trí idirghníomhaíochtaí idir múinteoir/páiste, piara/piara agus idirghníomhaíochtaí grúpa, is féidir le múinteoirí léargas a fháil ar scileanna cumarsáide páistí, ar a dtuiscint choincheapúil agus ar a gcuid foghlama foriomláine. Trí chomhdhálú is féidir le múinteoirí meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar tháirge deiridh eispéireas foghlama, agus aiseolas sonrach, spriocdhírithe atá saincheaptha do riachtanais aonair á thairiscint. Cothaítear timpeallacht chomharfhoghlama dhearfach, thacúil leo, rud a mhúnlaíonn eispéiris foghlama amach anseo.

### Aiseolas

Tá aiseolas mar chuid lárnach den phróiseas foghlama, lena mbaineann idirghníomhaíochtaí tráthúla, fiúntacha agus spriocdhírithe idir múinteoirí agus páistí. Leis sin spreagtar machnamh a dhéanamh, dul chun cinn a aithint agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a shainaithint. A bhuí le haiseolas, cuidítear le páistí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlama, gnóthachtálacha a cheiliúradh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, rud a threoraíonn a gcuid eispéireas foghlama amach anseo.

### Breathnóireacht

Baineann breathnuithe le monatóireacht ghníomhach múinteoirí ar pháistí agus iad ag éisteacht agus ag plé go gníomhach leis na páistí le linn eispéiris foghlama. Leis an modh seo cuirtear léargas luachmhar ar fáil ar eolas agus tuiscint, sult, rannpháirteachas agus idirghníomhaíochtaí páistí, rud a chumasaíonn do mhúinteoirí freagairt do chásanna foghlama tráthúla agus foghlaim amach anseo a threorú go héifeachtach.

### Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Le piarmheasúnú agus féinmheasúnú, déanann páistí machnamh ar a gcuid foghlama, bíonn siad á roinnt agus á plé, le tacaíocht ón múinteoir mar is cuí. Leis an modh sin, cothaítear féinmhachnamh, comhoibriú agus inspreagadh inmheánach laistigh de thimpeallacht foghlama oscailte, mheasúil agus thacúil.

### Punanna

Is éard is punann ann bailiúchán de shaothar páiste, a roghnaíonn agus a choimeádann an páiste i gcomhar leis an múinteoir. Léirítear léi a gcuid foghlama agus forbartha le himeacht aimsire agus tacaítear le machnamh, spriocanna a leagan síos agus féinmheasúnú. Is féidir leo a bheith digiteach nó fisiciúil, lena n-áirítear déantúsáin éagsúla amhail íomhánna, físeáin, taifeadtaí, tionscadail agus samplaí d'fhoghlaim, lena dtaispeántar fás agus dul chun cinn i réimsí difriúla den churaclam.

### Tascanna

Trí thascanna fiúntacha ábhartha cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí chun a gcuid eolais, tuisceana agus scileanna a thaispeáint ar bhealaí éagsúla. Is féidir tacú le measúnú barántúil leo, rud a thairgeann léargas ar fhoghlaim páistí i gcásanna fíor-ama agus i gcomhthéacsanna difriúla, taobh istigh agus amuigh faoin aer.

### Ceistiúchán

Is féidir gurb éard atá i gceist le ceistiúchán ná ceisteanna a chur atá dea-chumtha, oscailte, agus a dhéanann géarfhiosrúchán, lena spreagtar agus lena ndoimhnítear tuiscint, smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh, agus lena dtacaítear leo sin. Trí cheistiúchán, spreagtar páistí chun ceangail a dhéanamh, cuimhneamh ar pheirspictíochtaí difriúla agus tabhairt faoin bpróiseas foghlama ag leibhéal domhain.

### Foghlaim bunaithe ar thionscadal

A bhuí le foghlaim bunaithe ar thionscadal, mar mhodh measúnaithe, cumasaítear do pháistí a gcuid eolais, tuisceana agus scileanna a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ón bhfíorshaol. Tríd sin spreagtar cruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil, obair foirne agus rannpháirteachas leanúnach, agus meastóireacht iomlánach á cur ar fáil ar fhoghlaim agus forbairt páistí.

## Measúnú le cúnamh na teicneolaíochta

Cumasaíonn an teicneolaíocht sonraí measúnaithe a bhailiú, a anailísiú agus a léiriú go héifeachtúil, rud a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ar mhaithe le comhdhálacha agus aiseolas a roinnt. Trí mheasúnuithe le cúnamh na teicneolaíochta is féidir rannpháirteachas a fheabhsú agus tacú le piarmheasúnú agus féinmheasúnú inar féidir le páistí a gcuid foghlama a athbhreithniú agus oibriú trí thascanna agus gníomhaíochtaí ar a luas féin.

Tá sé tábhachtach foghlaim an pháiste a dhoiciméadú. Eascraíonn úsáid dhiongbháilte doiciméadaithe as an bpróiseas a bhaineann le fianaise a bhailiú. Is féidir le páistí agus múinteoirí bealaí difriúla a úsáid chun faisnéis mheasúnaithe a dhoiciméadú, amhail nótaí, grianghraif, físeáin agus scéalta foghlama. Maidir le punanna, ní hamháin gur modh measúnaithe iad ach tugtar bealach fiúntach leo faisnéis mheasúnaithe a bhailiú, a eagrú agus a chur i láthair lena léirítear turas foghlama barántúil an pháiste. Cuireann doiciméadú den sórt sin leis an léargas saibhir iomlánaíoch de gach páiste agus iad ag foghlaim, ag dul chun cinn agus ag forbairt.

## Faisnéis mheasúnaithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim páistí

I gcroílár na foghlama éifeachtaí tá úsáid fhiúntach na faisnéise measúnaithe. Is é an chaoi a n-úsáidfear faisnéis mheasúnaithe a chinnfidh a héifeachtacht fhoriomlán chun tacú le foghlaim páistí. Le rannpháirtíocht ghníomhach páistí le linn próisis mheasúnaithe, cothaítear braistint úinéireachta ar a gcuid foghlama agus is féidir féinmhachnamh, smaointeoireacht chriticiúil agus fás a spreagadh ar an dóigh sin. Tá aiseolas éifeachtach ríthábhachtach sa phróiseas foghlama, rud a chuireann deiseanna ar fáil do pháistí machnamh a dhéanamh ar a n-éachtaí agus ar an dul chun cinn atá déanta acu.

Gné de theagasc ardchaighdeáin is ea cumas múinteoirí freagairt dá gcomhthéacsanna uathúla sa seomra ranga trí fhianaise a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailísiú chun breithiúnais fheasacha a dhéanamh faoi dhul chun cinn páistí agus a gcinntí foghlama agus teagaisc i sonraíocht na *Folláine* a threorú.

Is iad na nithe seo a leanas is bonn leis na cinntí sin:

- cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim
- cur amach ar an gcuraclam
- cur amach ar oideolaíocht.

## Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim

Tugann páistí faoi fhoghlaim i sonraíocht na *Folláine* ar bhealaí difriúla ag brath ar a n-aois, a gcumais, a láidreachtaí agus a n-ábhair spéise. Tá cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim ríthábhachtach chun timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, thacúil agus éifeachtach a chothú. Is féidir an cur amach sin a neartú trí aithne a chur ar pháistí trí idirghníomhaíochtaí dearfacha, caidrimh a fhorbairt agus próisis chomhoibríocha lena n-ionchorpraítear guth an pháiste. Is é an cur amach sin ar pháistí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad is fearr a chuireann bonn eolais faoi sheichimh foghlama chuí agus tacaíochtaí saincheaptha.

## Cur amach ar an gcuraclam


Tá cur amach múinteoirí ar shonraíocht na *Folláine* ina thaca dóibh chun cinntí a dhéanamh faoina bhfoghlaimíonn páistí, faoin ord ina bhfoghlaimíonn siad agus faoin luas ar a bhfoghlaimíonn siad. De réir mar a oibríonn páistí i dtreo Torthaí Foghlama, le measúnú cuirtear léargas úsáideach ar fáil ar dhul chun cinn páistí. Is féidir le múinteoirí nó páistí breathnóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin, í a léirmhíniú agus a úsáid, ar bhealach freagrúil chun tacú le cinnteoireacht leanúnach faoi na chéad chéimeanna eile le haghaidh thuras foghlama an pháiste.

## Cur amach ar oideolaíocht

Ach machnamh a dhéanamh ar na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil do pháistí (mar a dhéantar cur síos air i gCuid 6a) agus ar na cleachtais oideolaíochta a chuirtear i bhfeidhm sa seomra ranga (mar a dhéantar cur síos air i gCuid 6b), is féidir le múinteoirí an bealach a mhúineann siad agus an timpeallacht foghlama araon a bheachtú agus a oiriúnú. Saibhrítear eispéiris foghlama páistí ar an dóigh sin agus cinntítear go bhfuil múinteoirí ag freagairt go cuí chun gur fearr is féidir freastal ar riachtanais na bpáistí agus a chumasú dóibh a bheith faoi bhláth.

## 6d. Réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

I sonraíocht na *Folláine* áirítear seacht réimse gníomhaíochta den Chorpoideachas. Ba cheart na Torthaí Foghlama a bhaineann leis an gCorpoideachas ar fud Chéimeanna 1 go 4 a bhaint amach go príomha laistigh de chomhthéacs gluaiseachta. Roghnaítear Torthaí Foghlama ó shnáithe Inniúlachta na gluaiseachta agus/nó ó na snáitheanna eile, sula sainaithnítear réimse nó réimsí gníomhaíochta Corpoideachais comhlántacha mar mheán chun tacú leis an bhfoghlaim sin agus comhthéacs a sholáthar di. Is den tábhacht a thabhairt faoi deara gur féidir cuid mhaith Torthaí Foghlama a bhaint amach ag an am céanna ar fud níos mó ná réimse gníomhaíochta amháin.




**Fíor 7:** Ag ullmhú don fhoghlaim agus don teagasc sa Chorpoideachas

Le réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais léirítear réimse gníomhaíochtaí, comhthéacsanna sóisialta (caitheamh aimsire agus iomaíoch) agus timpeallachtaí fisiciúla, lena n-áirítear taobh istigh agus taobh amuigh (de chineál nádúrtha agus tógtha), lena dtacaítear le rannpháirteachas i ngníomhaíocht choirp le linn na hóige agus lastall di. Ag gach céim den churaclam, ba cheart réimse leathan agus cothromaithe eispéireas a thairiscint leis an gCorpoideachas chun cuidiú le páistí na Torthaí Foghlama a bhaint amach.

Trí na réimsí gníomhaíochta sin, is féidir leis an bpáiste réimse scileanna a fhorbairt amhail comhordú, cothromaíocht, neart agus solúbthacht, le linn sult, fás pearsanta, féinmhuinín, cumarsáid, comhoibriú agus inoiriúnaitheacht a chur chun cinn an tráth céanna freisin. Trí na heispéiris sin spreagtar smaointeoireacht chruthaitheach, réiteach fadhbanna agus tacaítear le stíl mhaireachtála ghníomhach a fhorbairt.

I dTábla 9, tugtar breac-chuntas ar chur síos gairid ar gach réimse gníomhaíochta.

**Tábla 9:** Cur síos ar réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

| Réimse gníomhaíochta | Cur síos |
|---|---|
| Maireachtáil ghníomhach | A bhuí le maireachtáil ghníomhach tugtar deiseanna do pháistí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí difriúla ar féidir nach bhfiosraítear iad de ghnáth i réimsí eile den Chorpoideachas. D'fhéadfadh sé go dtiocfaidís ó ábhair spéise an mhúinteora, na bpáistí nó deiseanna féideartha ón gceantar, amhail páirceanna, clóis súgartha, áiseanna pobail nó imeachtaí. |
| Uiscíocht | Is é is aidhm d'uiscíocht foghlaim bunaithe ar uisce agus talamh a chur ar fáil do pháistí chun scileanna sábháilteachta bunriachtanacha a fhorbairt ag brath ar rochtain ar thimpeallachtaí, iompar agus teagascóirí cáilithe oiriúnacha. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun bloc amháin d'eispéireas uisceach bunaithe ar uisce a thairiscint le linn oideachas bunscoile. Tá an bhéim ar shábháilteacht, buacacht, forbairt buillí agus scil féintarrthála, agus béim ar leith ar mhuinín a chothú trí bheith ag súgradh. |
| Lúthchleasaíocht | Mar chuid de lúthchleasaíocht áirítear gníomhaíochtaí reatha, léime agus caithimh lena gcothaítear scileanna chun bheith rannpháirteach i lúthchleasaíocht agus gníomhaíochtaí eile atá cuí ó thaobh forbartha de. |
| Damhsa | Le damhsa dírítear ar choincheapa agus scileanna gluaiseachta a fhiosrú trí dhamhsa cruthaitheach, damhsa tíre agus seánraí eile. Tríd sin, is féidir le páistí iad féin a chur in iúl trí ghluaiseacht le linn comhordú fisiciúil a fhorbairt san am céanna. Comhtháthaíonn agus ailíníonn an damhsa go nádúrtha leis an Oideachas Ealaíon agus cuireann sé leis go nádúrtha freisin. |
| Cluichí | Trí chluichí tairgtear deiseanna do pháistí le haghaidh cluichí aonair, le comhpháirtí agus grúpaí foirne beaga. Mar chuid de chluichí aonair/le comhpháirtí tá cluichí sprice agus cluichí balla/línimirt atá inoiriúnaithe do chomhthéacs na scoile. Le cluichí grúpa áirítear cluichí ionraidh, buailte agus páirce atá oiriúnach ó thaobh leibhéal forbartha de agus cluichí atá suntasach go cultúrtha amhail cluichí Gaelacha. |
| Gleacaíocht | Le gleacaíocht dírítear ar neart, solúbthacht agus scileanna gluaiseachta a fhorbairt, amhail cothromaíocht, léim, rolláil, tuirlingt, taisteal agus seichimh a léiriú le trealamh nó gan trealamh. Tá sí ina cabhair ag páistí chun forbairt a dhéanamh ar a léiriú cruthaitheach, ar a gcomhordú fisiciúil, ar a smacht coirp agus ar a bhfeasacht ar spásúlacht agus ar a gcumas chun oibriú le daoine eile sa ghluaiseacht. |
| Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta | Trí oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta, faigheann páistí blaiseadh de ghníomhaíochtaí lena gcuirtear chun cinn fiosrú agus obair foirne, amhail treodóireacht, siúlóidí eachtraíochta, pluaiseanna a dhéanamh agus dúshláin foirne comhoibrithí. Is iondúil nach mbíonn na gníomhaíochtaí sin iomaíoch agus go gcuirtear foghlaim chun cinn leo trí eispéireas díreach agus machnamh. |

## 6e. Ceisteanna praiticiúla

### Ról na n-áisitheoirí seachtracha agus na gclár seachtrach

Mar thoradh ar a gcaidreamh seanbhunaithe leis na páistí agus ar an eolas oideolaíochta agus curaclaim atá acu, tá múinteoir an tseomra ranga in áit uathúil agus san áit is fearr chun sonraíocht na *Folláine* a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Sa chás ina sainaithnítear riachtanas ar leith, is féidir le háisitheoirí seachtracha ról comhlántach a imirt i gcomhpháirtíocht chomhoibritheach le múinteoirí do ghnéithe den churaclam. Maidir le haon chinneadh chun páirt a thabhairt do sholáthraithe seachtracha, ba cheart dul chun cinn foghlama páistí a mheas agus cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh áisitheoir seachtrach leis sin. Thairis sin, ba cheart cuimhneamh ar ailíniú a dhéanamh idir an an t-áisitheoir seachtrach agus sonraíocht na *Folláine*. Maidir leis sin, ba cheart aird a thabhairt ar fhócas na foghlama nua ón Toradh Foghlama, ó na cuir chuige oideolaíochta, ón measúnú agus ó riachtanais, aois agus aibíocht na bpáistí. Agus iad tógtha le chéile, tacaíonn na ceisteanna seo le lucht ceannaireachta na scoile agus le múinteoirí chun taithí agus tacair scileanna an éascaitheora sheachtraigh a mheas ar mhaithe lena n-oiriúnacht a chinntiú.

Má dhéantar cinneadh chun oibriú le háisitheoir seachtrach, tá cur chuige pleanála comhoibríche bunriachtanach. Áirítear leis sin nósanna imeachta um chosaint páistí a leanúint, cuimhneamh ar na Torthaí Foghlama ó shonraíocht na *Folláine*, comhthéacs na scoile, naisc chuig réamhfhoghlaim na bpáistí agus a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais na bpáistí uile. Ba cheart cothromaíocht a bheith ann idir minicíocht agus fad ionchur seachtrach chun a chinntiú go leanfaidh múinteoirí de bheith lárnach maidir le sonraíocht na *Folláine* a sholáthar. Ní mór d'áisitheoirí seachtracha oibriú faoi threoir agus maoirseacht mhúinteoir an tseomra ranga a fhanann leis na páistí gach tráth. Áirítear le ról an mhúinteora le linn ionchur seachtrach tacú le páistí, comhtheagasc agus ceangail a dhéanamh le réamhfhoghlaim. Tar éis an ionchuir, cuireann múinteoirí deiseanna ar fáil chun machnamh agus ceangail a dhéanamh, aiseolas a bhailiú agus machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht an ionchuir chun tacú le hoideachas folláine iomlánaíoch páistí.

> Is é an múinteoir ranga cáilithe an gairmí atá san áit is fearr chun obair go mothálach seasmhach leis na scoláirí. Tá ar a c(h)umas tionchar láidir a imirt ar mheon, luachanna agus iompar an scoláire a stiúradh i dtaobh gach gné den oideachas folláine (Ciorclán 0042/2018)[3]

[3] An Roinn Oideachais (2018). Treoir dhea-chleachtais do bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Chreatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/8cadfdf5-00422018-.pdf

## Leithdháiltí ama

Le *Creatchuraclam na Bunscoile* tugtar isteach leithdháileadh íos-am seachtainiúil molta do shonraíocht na *Folláine*. Go comhréireach, agus múinteoirí ag ullmhú d'eispéiris foghlama Corpoideachais agus OSPS, moltar cóimheas 2:1 a úsáid le haghaidh foghlaim Corpoideachais agus OSPS, agus an leithdháileadh ama níos mó á thabhairt don Chorpoideachas.

## Sonraíocht na *Folláine* agus beartas níos leithne

Tá dualgas cúraim ar scoileanna agus tá príomhról acu chun cabhrú le páistí scileanna a fhorbairt chun mí-úsáid agus cásanna mí-úsáide a aithint agus diúltú dóibh. Le linn a bheith ag ullmhú d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú a bhaineann le sonraíocht na *Folláine*, is den tábhacht beartais agus ciorcláin ábhartha a mheas lena sainordaítear cláir laistigh de OSPS. Go háirithe, leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna*, cuirtear treoir ar fáil maidir le dea-chleachtais agus oibleagáidí reachtúla scoileanna maidir le cosaint agus cumhdach leanaí, lena n-áirítear an clár éigeantach um mí-úsáid leanaí a chosc. Leis na nósanna imeachta chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, cuirtear treoir ar fáil maidir le bearta chun bulaíocht a chosc agus freagairt di. Tá na Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine* ag ailíniú agus ag cur leis an gclár éigeantach agus leis na treoirlínte dea-chleachtais reatha. Dá bhrí sin, ní mór an clár éigeantach um chosc ar mhí-úsáid páistí a mhúineadh go fóill.



# 7. Breac-chuntas ar Thacar Uirlisí na *Folláine* ar Líne

Leis an Tacar Uirlisí don *Fholláine* ar líne, cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí chun eispéiris foghlama shaibhre a fhorbairt do pháistí. Forbraítear inneachar agus comhpháirteanna an tacair uirlisí ar líne le himeacht ama.

## Samplaí d'fhoghlaim na bpáistí

Forbraítear na samplaí seo le múinteoirí agus cuirtear léargas ar fáil leo ar conas a oibríonn múinteoirí le Torthaí Foghlama chun cinntí a dhéanamh maidir leis an méid a mhúineann siad, na cineálacha gníomhaíochtaí, eispéireas agus oideolaíochtaí a úsáideann siad, agus leis an bhfaisnéis a bhailíonn siad ar cé chomh maith agus atá ag éirí le páistí ina gcuid foghlama.

## Ábhair thacaíochta do mhúinteoirí

I measc na n-ábhar tacaíochta tá acmhainní tábhachtacha agus ábhar tagartha chun tacú le múinteoirí maidir leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach. Rinneadh forbairt agus athbhreithniú orthu mar fhreagra ar thaighde agus riachtanais páistí, múinteoirí agus pobal scoile, a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Tacaíochtaí le haghaidh dul chun cinn

Foghlaimíonn agus forbraíonn páistí ag rátaí difriúla agus is féidir cuma dhifriúil a bheith air sin ar fud réimsí agus ábhair an churaclaim. Mar fhreagra ar thaighde agus ar an réimse éagsúil páistí a fhreastalaíonn ar ár mbunscoileanna agus ar ár scoileanna speisialta, forbraíodh réimse tacaíochtaí chun a chinntiú go dtéann gach páiste chun cinn ina gcuid foghlama agus forbartha.






tobii dynavox

# 8. Gluais

| | |
|---|---|
| Am Ciúin | Is éard is am ciúin ann tréimhse ainmnithe ina dtéann páistí i mbun machnamh pearsanta neamhspleách ar a gcuid gníomhartha, iompair agus dearcthaí, rud a chothaíonn féinfheasacht agus a spreagann smaointeoireacht neamhspleách. |
| Bulaíocht | Is éard is bulaíocht ann iompar spriocdhírithe ar líne nó as líne lena ndéantar dochar. D'fhéadfadh nádúr an dochair a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Déantar iompar bulaíochta arís agus arís eile le himeacht aimsire agus cuimsíonn sé éagothroime cumhachta i gcaidrimh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí. Is ann do chuid mhór cineálacha difriúla d'iompar bulaíochta. Orthu sin is féidir an méid seo a leanas a áireamh, ach ní liosta uileghabhálach é: iompar bulaíochta i leith duine atá faoi mhíchumas, bulaíocht ar dhuine ardchumais, bulaíocht ar dhuine mar gheall ar fhéiniúlacht inscne, bulaíocht homafóbach/thrasfhóbach (LADTA+), bulaíocht ar dhuine mar gheall ar chuma fhisiciúil, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bhochtaineachta, bulaíocht i leith duine mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach, bulaíocht ghnéasaíoch agus ciapadh gnéasach (Bí Cineálta, 2024). |
| Caidrimh sa ghluaiseacht | Le caidrimh sa ghluaiseacht tagraítear don bhealach a n-idirghníomhaíonn páiste le daoine eile sa ghluaiseacht. Mar shampla, ag obair i gcomhpháirtithe/i ngrúpaí, ag treorú/ag leanúint, ag scáthánú, i gcomhréir/i gcodarsnacht le chéile nó i gcanóin. Leis sin cuimsítear freisin gluaiseacht i ndáil le rudaí amhail os cionn, faoi bhun, trí agus timpeall. |
| Ceartas sóisialta | Is ionann an ceartas sóisialta agus dáileadh cóir cothrom na n-acmhainní, na ndeiseanna agus na bpribhléidí laistigh de shochaí, ag cinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine ar bhunriachtanais agus deiseanna. |
| Claonadh | Le claonadh, tagraítear don nós atá ag duine dúil a bheith acu, nó gan dúil a bheith acu, i ndaoine aonair, i ngrúpaí nó i smaointe áirithe ar bhealach abhíonn neamh-chomhfhiosach go minic, agus nach bhfuil bunaithe ar réasúnaíocht oibiachtúil. |
| Cleachtais dhaonlathacha | Is éard atá i gceist le cleachtais dhaonlathacha cead a bheith ag páistí a gcuid a rá i gcúrsaí a théann i bhfeidhm orthu bunaithe ar phrionsabail an daonlathais. |
| Comhionannas | Baineann comhionannas leis an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht riachtanas aonair agus grúpa a aithint, le meas a léiriú orthu agus le plé leo, chomh maith le comhionannas a chinntiú ó thaobh rochtana, rannpháirtíochta, coinníollacha agus buntáistí do chách. |
| Cothromas | Le cothromas tagraítear do chothromas agus ceartas sa bhealach a gcaitear le daoine. Leis sin aithnítear riachtanais éagsúla daoine aonair nó grúpaí agus tugtar aghaidh ar na riachtanais sin. D'fhéadfadh acmhainní, deiseanna nó leibhéil éagsúla tacaíochta a bheith i gceist leis bunaithe ar riachtanais shonracha nó ar chúinsí aonair, agus é mar aidhm aige a chinntiú gur féidir le gach duine a bheith faoi bhláth. |
| Cumas gníomhúcháin (an pháiste) | Is éard is cumas gníomhúcháin ann cumas páistí chun tionchar gníomhach a bheith acu ar a saolta agus ar a dtimpeallacht féin. Is éard atá i gceist leis sin meas a léiriú ar a dtuairimí, roghanna a thairiscint agus iad a áireamh sa chinnteoireacht. Do pháistí óga, is éard atá i gceist le cumas gníomhúcháin cead a bheith acu a gcuid a rá maidir lena gcuid foghlama agus is léir sin sa tionchar atá acu ar dhaoine eile, sa bhealach a mhúnlaíonn siad caidrimh agus a chuireann siad lena dtimpeallachtaí sóisialta. |
| Dinimic sa ghluaiseacht | Is éard atá i gceist le dinimic sa ghluaiseacht feasacht agus fiosrú ar an mbealach a bhogann an corp agus a aistríonn sé meáchan, mar shampla, go tapa nó go mall, go tobann nó go marthanach, go láidir nó go héadrom. |
| Éagóir shóisialta | Is éard is éagóir shóisialta ann dáileadh míchothrom agus éagothrom acmhainní, deiseanna agus pribhléidí laistigh de shochaí, arb éard a thagann as go bhfuil cothroime rochtana ar bhunriachtanais agus deiseanna á séanadh ar dhaoine aonair nó grúpaí áirithe. |
| Éagsúlacht | Baineann éagsúlacht le hilchineálacht aonair agus ghrúpa sa tsochaí. |

| | |
|---|---|
| Feasacht ar spásúlacht | Is éard atá i gceist le feasacht ar spásúlacht fiosrú a dhéanamh ar an áit ar féidir leis an gcorp bogadh, mar shampla, spás pearsanta agus ginearálta, treoracha, leibhéil ísle, mheánacha agus arda chomh maith le conairí cuartha, fiarlánacha agus díreacha. |
| Feasacht coirp | Is éard atá i gceist le feasacht coirp a bheith feasach ar chodanna difriúla den chorp a bhogann, ar chruthanna difriúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh, mar shampla cruthanna ciorclacha, cúnga, leathana, cuartha, lúbtha, sínte, réalta, píce, scartha, craptha, agus gníomhartha difriúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh, mar shampla a bheith ag taisteal, ag rothlú, ag aistriú meáchain, ag luascadh, ag brú, ag tarraingt. |
| Féiníomhá | Is éard is féiníomhá ann an bealach a smaoiníonn nó a bhreathnaíonn duine orthu féin, mar shampla, pearsantacht, cuma agus luachanna an duine. |
| Féinriar coirp | Is éard atá i gceist le féinriar coirp, aitheantas a thabhairt don cheart chun a dtarlaíonn do chorp an duine a rialú. |
| Folláine spioradálta | Baineann folláine spioradálta le grá don saol, do dhaoine eile, agus le braistint ceangail leis an duine féin, le daoine eile, leis an dúlra, leis an domhan agus, i gcás daoine áirithe, le cuspóir níos mó nó le hardchumhacht. Baineann sí le creidimh agus cleachtais phearsanta a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh a bheith nasctha le reiligiún eagraithe. |
| Idirphearsanta | Baineann forbairt idirphearsanta le caidrimh duine le daoine eile. |
| Inphearsanta | Le forbairt inphearsanta tagraítear d'fhéineolas agus féintuiscint. |
| Gnéaschlaonadh | Le gnéaschlaonadh tagraítear do mhealladh mothúchánach, rómánsúil agus/nó gnéasach duine i dtreo daoine eile. Air sin is féidir iad seo a leanas a áireamh, ach níl sé teoranta dó sin, mealladh do: inscne dhifriúil (heitrighnéasach); an inscne chéanna (aerach nó leispiach); níos mó ná inscne amháin (déghnéasach). Ní mhothaíonn daoine áirithe mealladh gnéasach nó is féidir go mbeidh leibhéil ísle de mhealladh gnéasach acu, agus tugtar éighnéasacht air sin. Forbraíonn gnéaschlaonadh agus tagann sé chun cinn le himeacht aimsire. Tá gnéaschlaonadh ar leithligh ó fhéiniúlacht inscne. |
| Ionbhá | Baineann ionbhá le peirspictíocht a ghlacadh, tuiscint agus feasacht a bheith agat ar mhothúcháin, braistintí, smaointe agus eispéiris duine eile, agus a bheith mothálach orthu, agus iad a bhrath tú féin go hindíreach scaití. |
| Leithcheal | Áirítear le leithcheal beartais, cleachtais nó iompar arb éard a thagann astu go gcaitear go míchothrom le daoine aonair nó grúpaí mar gheall ar a bhféiniúlacht nó ar an bhféiniúlacht a shíltear a bheith acu. Is féidir leis a bheith d'aon ghnó nó neamhbheartaithe, díreach nó indíreach. I reachtaíocht chomhionannais na hÉireann, cosnaítear daoine aonair ar leithcheal bunaithe ar fhorais éagsúla lena n-áirítear inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, míchumas, cine, reiligiún, aois, gnéaschlaonadh, agus ballraíocht den Lucht Siúil. |
| Meáin | Tagraíonn na meáin do chineálacha éagsúla bealaí cumarsáide agus ardáin a chuireann faisnéis, siamsaíocht agus teachtaireachtaí in iúl do lucht féachana/éisteachta leathan. Cuimsíonn na meáin réimse éagsúil formáidí agus teicneolaíochtaí, gach ceann acu ag freastal ar chuspóirí uathúla maidir le hábhar a scaipeadh. I measc samplaí de na meáin tá, ach gan bheith teoranta dóibh: na meáin chlóite, na meáin chraolta, na meáin dhigiteacha, na meáin idirghníomhacha, na meáin amhairc, na meáin fuaime agus na meáin shóisialta. |
| Mothúcháin agus braistintí | Is freagairtí casta bitheolaíocha iad mothúcháin ar spreagthaí nó ar chásanna ar leith. Is minic go mbíonn siad gairid agus dian agus de ghnáth bíonn athruithe coirp ag gabháil leo cosúil le ráta croí méadaithe, gothaí gnúise agus scaoileadh hormóin. Is iad braistintí an t-eispéireas comhfhiosach a bhíonn ann de mhothúcháin. Bíonn siad suibiachtúil de ghnáth, is féidir le heispéireas pearsanta dul i bhfeidhm orthu, agus is féidir leo a bheith anéagsúil ó dhuine go duine. |

| | |
|---|---|
| Réamhchlaonadh | Is éard atá i gceist le réamhchlaonadh nuair atá tuairim nó mothúchán diúltach ag duine éigin faoi dhuine amháin nó grúpa daoine, ar bhealach is féidir a mheas atá míchothrom. Is féidir go dtiocfaidh leithcheal agus éagóir shóisialta as. |
| Riosca | Is éard atá i gceist le riosca glacadh le dúshláin agus le deiseanna le haghaidh fiosrú agus forbartha trí chrios chompord an duine a scaoileadh, botúin a dhéanamh agus teacht aniar, muinín, cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna a chothú. Ina theannta sin, baineann measúnú riosca le staideanna a mheas chun contúirtí féideartha a shainaithint agus cinntí eolasacha a dhéanamh, chun iarmhairtí diúltacha a mhaolú agus sábháilteacht a chinntiú. I dteannta a chéile, trí thuiscint leathan ar riosca tacaítear le páistí riosca a bhainistiú go freagrach agus glacadh le deiseanna le haghaidh fás agus forbairt phearsanta. |
| Scileanna láimhsithe | Le scileanna láimhsithe cuimsítear rudaí a rialú agus baill éagsúla den chorp á n-úsáid, mar shampla, ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil, ag bualadh leis an lámh agus ag bualadh le huirlis. |
| Scileanna luaile | Baineann scileanna luaile leis an gcorp a bhogadh in aon treo ó phointe amháin go pointe eile. Mar shampla, a bheith ag siúl, gluaisteacht ar rothaí, ag rith, ag hapáil, ag scipeáil, ag léim in airde/ag léim d'fhad, ag seachaint nó ag tabhairt céim leataoibh. |
| Scileanna seasmhachta | Baineann scileanna seasmhachta leis an gcorp a chothromú nuair atá sé suaimhneach agus ag gluaiseacht, mar shampla, ag cothromú, ag tuirlingt, a bheith ar snámh, ag casadh agus ag iompú. |
| Steiréitíopaí | Is éard is steiréitíopaí ann íomhánna nó smaointe faoi dhuine, grúpa nó cultúr atá bunaithe ar shaintréithe, iompar nó gníomhaíochtaí toimhdithe. |
| Struchtúir theaghlaigh | Le struchtúir theaghlaigh tagraítear don iliomad bealaí a bhfoirmítear teaghlaigh amhail teaghlaigh atá stiúrtha ag máthair agus athair, teaghlaigh chomhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh tuismitheora comhghnéis, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh chumaisc, teaghlaigh shínte, teaghlaigh altrama, leasteaghlaigh agus teaghlaigh eile. |
| Teacht aniar | Is éard atá i gceist le teacht aniar an cumas déileáil le gnáth-struis an tsaoil, agus oiriúnú do dhúshláin, céimeanna ar gcúl nó cásanna deacra agus bealach a dhéanamh tríothu. |
| Teorainneacha coirp | Le teorainneacha coirp tagraítear do spás pearsanta agus príobháideachas a thuiscint agus meas a léiriú orthu. |
| Toiliú | Is éard is toiliú ann ná cead nó comhaontú a thabhairt go dtarlódh rud éigin nó go ndéanfaí rud éigin. Tá meas agus cumarsáid ón dá pháirtí ag teastáil chuige sin. Tá eolas mar gheall ar a dteorainneacha féin agus teorainneacha daoine eile, mar aon le meas orthu, san áireamh sa toiliú. |
| Turas gluaiseachta | Le turas gluaiseachta tagraítear don dul chun cinn a dhéanann páiste aonair maidir le gluaiseacht mar chuid de shonraíocht na *Folláine* agus a gcaidreamh pearsanta éiritheach leis an ngluaiseacht. Is próiseas neamhlíneach é lena léirítear céim forbartha agus conair uathúil an pháiste i dtreo saol gníomhach. |





# 9. Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/

An Roinn Oideachais (2018). *Treoir dhea-chleachtais do bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Chreatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna*. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/8cadfdf5-00422018-.pdf

An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/primary/the-primary-curriculum-framework/

An Roinn Oideachais (2024). *Bí Cineálta Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/nosanna-imeachta-chun-iompraiocht-bhulaiochta-a-chosc-agus-dul-i-ngleic-lei-do-bhunsco.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Creat don tSraith Shóisearach*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf

Rialtas na hÉireann (2024). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/





# **Aguisín A.** Samplaí de scileanna, coincheapa gluaiseachta agus straitéisí gluaiseachta

Tríd an bhfaisnéis seo a leanas, cuirtear treoir bhreise ar fáil do mhúinteoirí a oibríonn le Torthaí Foghlama ar fud Chéimeanna 1 go 4. Cé go bhfuil scileanna, coincheapa agus straitéisí leabaithe laistigh de na Torthaí Foghlama, tríd an bhfaisnéis fhorlíontach seo tugtar tuilleadh soiléire do mhúinteoirí chun tacú leis an ullmhúchán, teagasc agus measúnú a dhéanann siad do shonraíocht na *Folláine*.

Is éard atá i gceist le scileanna na cumais a fhorbraíonn páistí chun a gcuid eolais a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Is féidir le scileanna a bheith de chineál cognaíoch (m.sh., réiteach fadhbanna), praiticiúil (m.sh., scileanna gluaiseachta fisiciúla) nó sóisialta (m.sh., cumarsáid agus comhoibriú). Leis na Torthaí Foghlama laistigh de shonraíocht na *Folláine* tugtar breac-chuntas ar réimse scileanna a fhorbraíonn páistí.

Áirítear leo sin:

- Scileanna gluaiseachta, amhail: scileanna luaile; seasmhachta; gluaiseachta láimhsithe
- Scileanna inphearsanta agus idirphearsanta, amhail: inoiriúnaitheacht; comhoibriú; cumarsáid; muinín; réiteach coinbhleachta; smaointeoireacht chriticiúil; cinnteoireacht; léiriú mothúchánach; rialáil mhothúchánach; ionbhá; cothroime; spriocanna a leagan síos; dul i riosca go sláintiúil; inspreagadh; réiteach fadhbanna; machnamh; teacht aniar; meas; féinfheasacht; féinchúram; obair foirne
- Scileanna sábháilteachta, amhail: treallús; cabhair a lorg; feasacht ar dhálaí

I dteannta na scileanna thuas, áiríodh anseo míniú breise ar scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta sna Torthaí Foghlama agus conas is féidir iad a fhorbairt trí mheán réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí, trí Tháblaí A1, A2 agus A3, tugtar breac-chuntas ar shamplaí neamh-uileghabhálacha de scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta atá ábhartha maidir le gach réimse gníomhaíochta den Chorpoideachas.

**Tábla A1:** Samplaí de scileanna gluaiseachta ar fud réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

| Réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais | Samplaí de scileanna gluaiseachta |
|---|---|
| **Maireachtáil ghníomhach** | Tiocfaidh athrú ar scileanna a fhorbraítear sa réimse seo de réir na ngníomhaíochtaí a roghnaítear. Tugtar breac-chuntas thíos ar scileanna samplacha atá ábhartha maidir le roinnt gníomhaíochtaí maireachtála gníomhaí samplacha:<br>• Rothaíocht agus scileanna eile bunaithe ar roth<br>• Scileanna gníomhaíochta bunaithe ar uisce (m.sh., scileanna surfála, cadhcála, rámhaíochta agus seoltóireachta, srl.)<br>• Scileanna lámhchleasaíochta<br>• Scileanna scipeála le téad<br>• Scileanna *parkour* (an cumas chun bealach a aimsiú trí do thimpeallacht agus bealach á dhéanamh go cruthaitheach trí bhacainní agus dúshláin)<br>• Gluaiseacht chruthaitheach |
| **Uiscíocht** | • Scileanna sábháilteachta agus féintarrthála (m.sh., a bheith ag cothromú, ar snámh, ag snámh i do sheasamh, ag rialú anála, ag dul isteach san uisce agus ag teacht amach as, ag fáil dearcaidh, inniúlacht i dtimpeallachtaí uisceacha difriúla, baoi tarrthála a sheoladh agus a fháil, srl.)<br>• Scileanna snámha (m.sh., forbairt buillí, ag casadh, srl.) |

| | |
|---|---|
| **Lúthchleasaíocht** | • Scileanna reathaíochta (m.sh., ag ráibeáil, ráibeanna frithghnímh, lomthús, reathaíocht leanúnach, rásaí sealaíochta, cliathrás, srl.)<br>• Scileanna léime (m.sh., léim fhada, léim ard, srl.)<br>• Scileanna caithimh (m.sh., sleá, caidhte/teasc, liathróid/caitheamh meáchain, srl.)<br>• Scileanna tuirlingthe |
| **Damhsa** | • Feasacht rithimeach<br>• Cothromaíocht<br>• Uainiú<br>• Scileanna gluaiseachta damhsa (m.sh., céimeanna damhsa, patrúin srl.)<br>• Scileanna léime, hapála agus céime leataoibh i ndreasa damhsa |
| **Cluichí** | • Ag bualadh le huirlis (m.sh., camán, raicéad, bata, maide, srl.)<br>• Ag bualadh leis an lámh (m.sh., druibleáil cispheile, smíste eitpheile, poc liathróide láimhe lámh in íochtar, srl.)<br>• Scileanna ciceála (m.sh., ag ciceáil ón lámh, ag ciceáil ar an talamh, ag bualadh le taobh na bróige, srl.)<br>• Scileanna greamaithe/sciobtha<br>• Scileanna seachanta, imchasaidh agus casta<br>• Scileanna taistil (m.sh., druibleáil coise, dul ar ruathar aonair san iománaíocht/sa pheil, láimhsiú na liathróide, srl.)<br>• Scileanna glactha (m.sh., ag breith ar, ag ceansú, srl.) |
| **Gleacaíocht** | • Ag cothromú (m.sh., cothromaíochtaí aonair, le comhpháirtí agus grúpa, lámhsheasaimh, srl.)<br>• Scileanna taistil (m.sh., ag scipeáil, siúlóidí ainmhí, srl.)<br>• Scileanna léime (m.sh., léim chúbtha, réaltléim, leathchasadh, srl.)<br>• Ag rolladh agus ag casadh (m.sh., rolladh pionsail, rolladh teidí, rothchasadh, srl.)<br>• Scileanna tuirlingthe<br>• Scileanna seicheamhaithe |
| **Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta** | • Scileanna treodóireachta (m.sh., gnéithe léarscáile a shainaithint, suíomh a mharcáil ar léarscáil, léarscáil a threoshuí, eolas an bhealaigh a dhéanamh agus bealaí a phleanáil, fianaise a bhailiú)<br>• Campaí a dhéanamh lena n-áirítear pluaiseanna a dhéanamh<br>• Scileanna dreapadóireachta<br>• Scileanna siúil agus siúlóireachta<br>• Scileanna reathaíochta (m.sh., ar dhromchlaí réidhe agus aimhréidhe) |

**Tábla A2:** Samplaí de choincheapa gluaiseachta ar fud réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

| Réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais | Samplaí de choincheapa gluaiseachta |
|---|---|
| **Maireachtáil ghníomhach** | Tiocfaidh athrú ar choincheapa sa réimse seo de réir na ngníomhaíochtaí a roghnaítear. Tugtar breac-chuntas thíos ar choincheapa samplacha atá ábhartha maidir le roinnt gníomhaíochtaí maireachtála gníomhaí samplacha:<br>• Luas na téide a choigeartú le linn a bheith ag scipeáil (dinimic)<br>• Ag obair go comhoibríoch le comhpháirtí ar ghníomhaíochtaí cláir scútair (caidrimh)<br>• Feasacht ar rudaí i ndáil le chéile agus leo féin agus iad i mbun lámhchleasaíochta (feasacht ar spásúlacht)<br>• Feasacht coirp agus cothromaíocht le linn a bheith ag casadh ar rothar (feasacht coirp) |
| **Uiscíocht** | • Ag gluaiseacht go tapa nó go mall in uisce chun fuinneamh a chaomhnú (dinimic)<br>• A bheith ag snámh mar ghrúpa ar uisce (caidrimh)<br>• Feasacht ar dhoimhneachtaí difriúla le linn a bheith san uisce (feasacht ar spásúlacht)<br>• Buacacht a choinneáil i suíomhanna difriúla (feasacht coirp) |
| **Lúthchleasaíocht** | • Ag ráibeáil seachas bogshodar a dhéanamh (dinimic)<br>• Rásaí sealaíochta beirte agus grúpa (caidrimh)<br>• Ag gluaiseacht i gconairí agus treonna difriúla (feasacht ar spásúlacht)<br>• Aistriú meáchain le haghaidh tús pléascach, léimeanna agus caithimh (feasacht coirp) |
| **Damhsa** | • Gluaiseacht thapa/mhall nó láidir/éadrom sa damhsa (dinimic)<br>• Ag treorú/ag leanúint, ag scáthánú/ag cur i gcontrárthacht nó canóin sa damhsa (caidrimh)<br>• Treonna, leibhéil agus conairí difriúla sa damhsa (feasacht ar spásúlacht)<br>• Codanna agus cruthanna difriúla den chorp a úsáid (feasacht coirp) |
| **Cluichí** | • Gluaiseachtaí tobanna/láidre a úsáid chun céile comhraic a sheachaint (dinimic)<br>• Ag obair mar dhuine de bheirt nó d'fhoireann (caidrimh)<br>• Feasacht ar spás chun eolas a dhéanamh do roghnú iarrachta, liathróid a phasáil ag leibhéil dhifriúla (feasacht ar spásúlacht)<br>• Aistriú meáchain le linn a bheith ag bualadh le huirlis (feasacht coirp) |
| **Gleacaíocht** | • Tuirlingt bhog, teannas le linn a bheith ag cothromú, srl. (dinimic)<br>• Seicheamh a chruthú le comhpháirtí/grúpa, ag idirghníomhú ar an iliomad bealaí le daoine eile i seicheamh amhail scáthánú, canóin, srl. (caidrimh)<br>• Ag taisteal ar leibhéal íseal, meánach nó ard, agus úsáid á baint as an spás iomlán atá ar fáil le haghaidh seichimh (feasacht ar spásúlacht)<br>• Suíomh coirp agus dáileadh meáchain le linn a bheith ag cothromú, cruthanna difriúla den chorp, srl. (feasacht coirp) |
| **Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta** | • Gluaiseachtaí a choigeartú de réir na timpeallachta amhail le linn a bheith ag siúlóireacht nó ag surfáil, srl. (dinimic)<br>• Ceannaireacht, obair foirne agus réiteach fadhbanna i ndúshláin chomhoibritheacha agus foirne, cluichí paraisiúit, srl. (caidrimh)<br>• Eolas an bhealaigh a dhéanamh trí léarscáil, léirthuiscint a léiriú ar an gcomharsanacht agus ar an timpeallacht le linn a bheith taobh amuigh (feasacht ar spásúlacht)<br>• An corp a ghluaiseacht ar bhealaí difriúla le linn dúshláin foirne chomhoibritheacha amhail le linn paraisiút a láimhsiú (feasacht coirp) |

**Tábla A3:** Samplaí de straitéisí gluaiseachta ar fud réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

| Réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais | Samplaí de straitéisí gluaiseachta |
|---|---|
| **Maireachtáil ghníomhach** | Tiocfaidh athrú ar straitéisí a fhorbraítear sa réimse seo de réir na ngníomhaíochtaí a roghnaítear. Tugtar breac-chuntas thíos ar straitéisí samplacha atá ábhartha maidir le roinnt gníomhaíochtaí maireachtála gníomhaí samplacha:<br>• Rud a roghnú le haghaidh dúshlán optamach le linn a bheith i mbun lámhchleasaíochta m.sh., scaifeanna, liathróidí, scaifeanna mála pónairí<br>• Dúshláin a chur rompu féin trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí nua<br>• An bealach is éifeachtaí le bheith ag taisteal ar chláir scútair a roghnú<br>• Coigeartú a dhéanamh don ghaoth i ngníomhaíochtaí diosca |
| **Uiscíocht** | • Straitéisí análaithe le linn rudaí a fháil ar ais ó bhun na linne<br>• Snámhtheicnící difriúla a fhadhbréiteach agus éadaí á gcaitheamh<br>• Straitéisí a choigeartú do chásanna tarrthála uisce difriúla<br>• Straitéisí i gcluichí simplí bunaithe ar uisce |
| **Lúthchleasaíocht** | • Airde na léime a choigeartú le haghaidh dúshlán optamach<br>• Straitéisí falaireachta i rás leanúnach<br>• Straitéis seachadta agus socrúcháin i rás sealaíochta<br>• Béim a chur ar dhul chun cinn pearsanta |
| **Damhsa** | • Dreasa damhsa cruthaitheacha a fhorbairt chun mothúcháin a chur in iúl<br>• Dreasa damhsa a choigeartú chun teacht le ceol, insint nó seánra<br>• Straitéisí cumarsáide le linn a bheith i mbun damhsa tíre<br>• Dreasa damhsa a choigeartú chun freastal ar láidreachtaí difriúla laistigh de ghrúpa |
| **Cluichí** | • Ag ionsaí agus ag cosaint i gcluichí ionraidh (m.sh., seilbh a choinneáil, cinnteoireacht, gluaiseacht ar an liathróid agus aisti, marcáil, spás a shéanadh, srl.)<br>• Ionadú iarrachta i gcluichí buailte/páirce, sprice agus línimirt/cluichí balla<br>• Ionadú an imreora/na foirne i gcluichí buailte/páirce agus línimirt/cluichí balla<br>• Roghnú chun cluiche a imirt ar bhealach comhoibríoch nó iomaíoch |
| **Gleacaíocht** | • Straitéis a fhorbairt chun aistrithe rianúla a chinntiú laistigh de sheicheamh<br>• Gach ball den ghrúpa ag roghnú rolladh oiriúnach lena áireamh laistigh dá seicheamh<br>• Straitéisí a chleachtadh chun cobhsaíocht a choinneáil i gcothromaíochtaí comhpháirtí agus grúpa<br>• Straitéisí difriúla a fhiosrú chun dul thar dhuine eile ar bhinse nó bíoma cothromaíochta |
| **Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta** | • Bealaí treodóireachta a phleanáil i dtimpeallachtaí nádúrtha difriúla<br>• Léarscáil treodóireachta a roghnú lena mbaineann dúshlán optamach<br>• Straitéis ghrúpa a fhorbairt chun dúshlán gluaiseachta comhoibritheach a chur i gcrích<br>• Straitéisí cumarsáide laistigh de ghníomhaíochtaí iontaoibhe |

# Nótaí



An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth